# Cáipéis eolais agus treoir don athbhreithniú ar Bhéarla na hArdteistiméireachta

Márta 2024

# An Clár Ábhar

AN CLÁR ÁBHAR ..... 3

1. RÉAMHRÁ ..... 5

2. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS ..... 6

**Achoimre Roinne ..... 8**

3. AN BÉARLA SA CHURACLAM ..... 9

**Curaclam don Bhéarla sa tsraith shóisearach ..... 9**

**Curaclam don Bhéarla sa tsraith shinsearach ..... 10**
An Ardteistiméireacht Bhunaithe 10
An Idirbhliain 11

**Béarla na hArdteistiméireachta i bhfócas ..... 11**
Rannpháirtíocht an scoláire 11
Measúnú don teistiúchán 12
Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2013 13

**Achoimre Roinne ..... 13**

4. LÉARGAS Ó CHUAIRTEANNA SCOILE ..... 14

**Achoimre Roinne ..... 16**

**5. TREOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA I SOCRUITHE AN CHURACLAIM MEANSCÓILE SINSEARAÍ DON BHÉARLA** ..... 17

**Tuaisceart Éireann ..... 17**
TGO i Litríocht an Bhéarla 17

**Sasana ..... 18**
TGO sa Bhéarla 18
TGO i Litríocht an Bhéarla 19

**Albain ..... 19**
*Higher English Course Specification* 20
*Advanced Higher English Course Specification* 21

**An Astráil – New South Wales ..... 21**

**An Astráil – Queensland ..... 22**

**Achoimre Roinne** ........ **23**

6. SAINCHEISTEANNA LE BREITHNIÚ ........ 24

**Raon agus struchtúr na sonraíochta** ........ **24**

**Litearthacht agus uimhearthacht** ........ **24**

**Measúnú** ........ **25**

**Leanúnachas, dul chun cinn agus tacaíocht** ........ **26**

**Samhail na treorach téacs** ........ **26**

**An Béarla – teanga i measc teangacha** ........ **27**

**Achoimre Roinne** ........ **28**

7. TREOIR DON ATHBHREITHHNIÚ AR BHÉARLA NA hARDTEISTIMÉIREACHTA ........ 29

**AGUISÍN 1: PARAIMÉADAIR UILEGHABHÁLACHA LE hAGHAIDH SOCRUITHE MEASÚNAITHE A DHEARADH I bhFORBAIRT SONRAÍOCHTAÍ DO GACH ÁBHAR I dTRÁINSE 2.** ........ 31

TAGAIRTÍ ........ 37

# 1. Réamhrá

An tAthbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Foilsíodh an Tuarascáil Chomhairleach (CNCM 2022a) i mí an Mhárta 2022 i ndiaidh na freagartha ón Aire Oideachais, Norma Foley, TD. I measc na ngníomhartha a dtugtar breac-chuntas orthu sa Tuarascáil Chomhairleach, tá athbhreithniú ar chomhpháirteanna curaclaim atá ann cheana – ábhair, modúil agus cláir. I mí an Mhárta 2022, d'iarr an tAire Oideachais go dtabharfadh CNCM faoi shraith gníomhartha chun tacú lena fís maidir le sraith shinsearach athfhorbartha a fhíorú mar a leagtar amach in Cothromas agus Sármhaitheas do Chách (An Roinn Oideachais, 2022.) Príomhghníomh amháin a leagtar amach sa phlean sin ba ea go n-ullmhófaí sceideal d'ábhair agus modúil na sraithe sinsearaí lena n-athfhorbairt agus go gcuirfí faoi bhráid an Aire é lena fhaomhadh.

Ina dhiaidh sin, d'ullmhaigh CNCM sceideal d'ábhair lena n-athbhreithniú, rud a eagraíodh i roinnt tráinsí. Cuirfear athfhorbairt ábhair i dTráinse 1 i gcrích in 2024 lena dtabhairt isteach sna scoileanna in 2025. Áirítear athfhorbairt na sonraíochta do Bhéarla na hArdteistiméireachta i dTráinse 2, rud a chuirfear i gcrích in 2025 lena tabhairt isteach sna scoileanna i mí Mheán Fómhair 2026.

Leis an gcáipéis seo, soláthraítear comhthéacs chun Béarla na hArdteistiméireachta a athbhreithniú agus fuarthas eolas di ó thuairimí múinteoirí, ceannairí scoile agus scoláirí a bailíodh trí chlár de chuairteanna scoile a rinneadh ar shampla ionadaíoch de scoileanna. Cuirtear tús léi trí bhreithniú a dhéanamh ar chúlra Bhéarla na hArdteistiméireachta agus cuirtear forléargas i láthair i Roinn 2 ar an gcomhthéacs atá ann faoi láthair, lena n-áirítear breithniú ar na forbairtí beartais ábhartha. I Roinn 3 leagtar amach an chaoi a bhfreastalaítear ar Bhéarla na hArdteistiméireachta faoi láthair laistigh de churaclam na hÉireann sula ndírítear ar bhealach níos mine ar shiollabas reatha Bhéarla na hArdteistiméireachta. I Roinn 4 tugtar mionsonraí ar an léargas ar an bhfíor-eispéireas do scoileanna, múinteoirí agus don scoláire, agus i Roinn 5 breithnítear deiseanna oideachais comhchosúla go hidirnáisiúnta agus cuirtear forléargas ar an gcuraclam don Bhéarla i ndlínsí difriúla i láthair. I Roinn 6 tarraingítear ar na trí roinn roimhe sin chun roinnt saincheisteanna a chatagóiriú agus a phlé go hachomair, ar saincheisteanna iad a sainaithníodh lena mbreithniú in athfhorbairt Bhéarla na hArdteistiméireachta roimh threoir bheartaithe a leagan amach ar deireadh le haghaidh na hoibre sin i Roinn 7, rud a threoróidh obair na meithle forbartha.

## 2. Cúlra agus comhthéacs

Sa roinn seo leagtar amach cuid de na forbairtí suntasacha i réimse oideachas an Bhéarla le 25 bliana anuas. Tugtar breac-chuntas inti freisin ar na tionscnaimh agus na forbairtí beartais is ábhartha a rinneadh le deich mbliana anuas i réimse an oideachais, arb iad is ábhartha maidir leis an athbhreithniú ar Bhéarla na hArdteistiméireachta.

Rinneadh an t-athbhreithniú deireanach ar Bhéarla na hArdteistiméireachta in 1999. Tá Siollabas reatha Bhéarla na hArdteistiméireachta (1999) ina shonraíocht churaclaim don chéad teanga (L1). Léiríonn an siollabas fás pearsanta trí shamhail Bhéarla na foghlama teanga, rud a leagann béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna béil, cluaise, léitheoireachta agus scríbhneoireachta, a chothaíonn rannpháirtíocht chriticiúil le heispéireas an scoláire féin agus le téacsanna dílse, agus a bhreathnaíonn ar an litríocht i seomra ranga an Bhéarla mar fhoinse eispéireas aeistéitiúil luachmhar a chuidíonn le fás pearsanta an scoláire. Tá sé d'aidhm aige litearthacht an scoláire a fhorbairt agus tuiscint shaibhir ar an téarma sin á léiriú an tráth céanna.

> *It is a complex task to become literate in modern society. A bewildering variety of linguistic forms and styles challenges students today, both inside and outside of school [Is casta an cúram é éirí liteartha i sochaí an lae inniu. Tá réimse mearbhlach foirmeacha agus stíleanna teanga dúshlánach ag an scoláire inniu, laistigh agus lasmuigh den scoil araon]. (CNCM, 1999. Lch. 6.)*

Agus machnamh á dhéanamh ar an gcuraclam don Bhéarla in Éirinn, tugann Cahill agus Dennehy (2023) an méid seo a leanas faoi deara:

> *…English in the Irish curriculum takes a broad approach to the subject in that it folds together the teaching and learning of language education, language arts and literacy development […Le Béarla i gcuraclam na hÉireann glactar cur chuige leathan i leith an ábhair sa mhéid go bhfilltear le chéile ann teagasc agus foghlaim oideachas na teanga, ealaíona na teanga agus forbairt na litearthachta.] (Cahill, K., agus Dennehy, N. (eagarthóirí), 2023, lch. 3)*

Féadfaidh dúshlán a bheith i gceist le cur síos a dhéanamh ar fhorbairt aon ábhair scoile, agus chun é sin a dhéanamh don Bhéarla is minic a dhéantar níos casta é de dheasca doiléire a fhágann go bhfuil dua ag baint le féachaint lena bhfuil ann a shainmhíniú! Mar a mhaígh Peter Medway, 'is cosúil, go ginearálta, nach dtugtar sainmhíniú maith ar an mBéarla agus…gur léir go bhfuil sé aisteach' toisc gur cosúil i gcás ceachtanna Béarla

> *…not about English but about old people, getting into trouble, gender or space adventures…and preoccupied with a…subset of the forms of writing…such as stories, which have no likely utility in the future existences of most of the students. […nach mbaineann siad leis an mBéarla ach le seandaoine, a bheith i dtrioblóid, cúrsaí inscne nó eachtraí spáis…agus go bhfuil sé gafa le…fo-thacar de na foirmeacha scríbhneoireachta…amhail scéalta, nach dócha go mbeidh fónamh iontu sa saol atá amach roimh fhormhór na scoláirí.] (Medway, 1990)*

Baineann cuid den 'aduaine' dá dtagraíonn Medway le dúbailteacht i gcroílár sheomra ranga an Bhéarla, ina bpléann an scoláire le próiseas trína bhforbraíonn a bhua pearsanta sa teanga agus ina dteagmhaíonn sé, an tráth céanna, leis an saol agus ina dtéann sé i ngleic go grinn leis an

litríocht. Agus cé gur féidir go n-athróidh cúrsa litríochta ar leith (an t-ábhar, más maith leat) ó bhliain go chéile, tá na torthaí don scoláire mar an gcéanna, dáiríre. Go deimhin, meastar uaireanta go bhfuil an Béarla achrannach toisc go mbíonn gné thraschuraclaim aige sa scoil inarb é an teanga theagaisc, rud a tharraingíonn ceisteanna amhail: an gcuidíonn múinteoir Béarla le foghlaim teanga do na hábhair uile, agus, an bhfuil múinteoirí na n-ábhar uile ina múinteoirí Béarla freisin?

Áiríodh sa sainchúram chun siollabas reatha Bhéarla na hArdteistiméireachta a fhorbairt: go ndéanfaí foráil leis maidir le leanúnachas le siollabas an Teastais Shóisearaigh 1989; go bhfágfaí leis nach mbeadh Béarla na hArdteistiméireachta chomh hacadúil sin, agus sin go pointe chomh follasach sin, agus go mbeadh sé níos inrochtana do phobal éagsúil scoláirí, (an tráth sin roghnaigh thart ar 52% de na scoláirí an scrúdú a dhéanamh ar Ghnáthleibhéal); go dtabharfaí aghaidh leis ar ábhair imní maidir le caighdeáin litearthachta a bheith ag titim; go léireofaí leis gné Eorpach na hÉireann. Go bunúsach, ba é an fhreagairt a bhí ag an gcoiste go raibh

> *…holistic approach to English was the best way forward. One cannot teach language competence in isolation from personal growth: development of linguistic skills in mother-tongue education is intimately linked with cultural and social factors. [cur chuige iomlánaíoch maidir leis an mBéarla ar an mbealach is fearr chun tosaigh. Ní féidir inniúlacht teanga a theagasc scoite ó fhás pearsanta: tá forbairt scileanna teanga in oideachas máthairtheanga fite fuaite le tosca cultúrtha agus sóisialta.] (Mullins, 2002, lch. 260)*

Ó thaobh an churaclaim de, tharla roinnt athruithe suntasacha le blianta beaga anuas. Le Curaclam Teanga na Bunscoile: (CNCM, 2019) déantar teagasc agus foghlaim an Bhéarla agus na Gaeilge a chomhtháthú agus áirítear torthaí foghlama agus contanaim dhul chun cinn do gach páiste agus an t-eolas agus an taithí ar an teanga a thugann sé isteach sa an seomra ranga. Rud suntasach eile sa chomhthéacs sin is ea go n-áirítear i gCuraclam Teanga na Bunscoile teagasc agus foghlaim an Bhéarla mar T1 agus T2 araon de chuid na scoile. Tá obair ar bun faoi láthair chun comhtháthú nuatheangacha iasachta sa churaclam bunscoile athfhorbartha a fhiosrú.

Tá forbairt mhór ar an gcuraclam le haghaidh oideachas na sraithe sóisearaí ó bhí 2012 ann, faoi threoir an Chreata don tSraith Shóisearach (RO, 2015). Mar chuid de sin áiríodh príomhscileanna a thabhairt isteach ar fud churaclam na sraithe sóisearaí; cur chuige déach i leith measúnú, lena ndearnadh measúnú ranga béil agus measúnú tionscadalbhunaithe á chónascadh le scrúduithe stáit; cur chuige athbhreithnithe i leith tuairisciú agus forbairt Clár Foghlama ar Leibhéal a hAon agus Leibhéal a Dó (CFL1 agus CFL2) chun freastal ar riachtanais shonracha an scoláire faoi mhíchumas foghlama ginearálta. Is clár é CFL1 do ghrúpa sonrach scoláirí faoi mhíchumas foghlama ginearálta sa raon catagóirí ísealfheidhmiúil measartha agus géar agus trom. Is clár é CFL2 do ghrúpa sonrach scoláirí faoi mhíchumas foghlama ginearálta sna catagóirí ardfheidhmiúil measartha agus ísealfheidhmiúil éadrom.

Is éard a bhí mar thoradh ar chur i gcrích athbhreithniú CNCM ar an tsraith shinsearach gur foilsíodh athbhreithniú dar teideal Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Tuarascáil Chomhairleach (CNCM, 2022a). Mar fhreagairt ar an tuarascáil sin, chuir an tAire Foley tús le clár athfhorbartha na sraithe sinsearaí. Mar chuid den obair sin, tá sraith de phríomhinniúlachtaí an scoláire á leabú ar fud na dtorthaí foghlama in ábhair agus modúil athfhorbartha nua.

Bhí tionchar mór ag an dul chun cinn i dteicneolaíochtaí digiteacha ar ár saol. Tá sé de phríomhaidhm ag an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027 (RO, 2022) go mbeadh an teicneolaíocht dhigiteach ina croíchuid de thuras an oideachais. Leis an Straitéis gealltar tacú leis

na forbairtí curaclaim uile agus é mar aidhm fhoriomlán aici go mbeadh an teicneolaíocht dhigiteach ina cuid lárnach de theagasc, foghlaim agus measúnú i ngach ábhar. Thairis sin, maidir leis an Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020 (ROS 2011) agus an obair atá ar siúl ar Straitéis nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití , tacóidh siad sin leis an ngrúpa ina chuid oibre.

> *Literacy and numeracy skills are crucial to a person's ability to develop fully as an individual, to live a satisfying and rewarding life and to participate fully in our society. Ensuring that all young people acquire these skills is one of the greatest contributions that we can make to achieving social justice and equity in our country. [Tá scileanna litearthachta agus uimhearthachta fíor-riachtanach chun go dtiocfaidh forbairt ar dhuine mar dhuine aonair, chun go mbainfidh sé sásamh agus pléisiúr as an saol agus go nglacfaidh sé páirt iomlán sa tsochaí. Ceann de na rudaí is fearr is féidir linn a dhéanamh chun ceartas agus cothromas a bhaint amach inár dtír ná a chinntiú go sealbhaíonn gach duine óg na scileanna seo.]*
> *(ROS, 2011 lch 2)*

Le 25 bliana anuas chonacthas athruithe sóisialta agus cultúrtha an-suntasacha inár saol. Ar leibhéal domhanda, tá éagobhsaíocht agus coinbhleacht pholaitiúil ann, bearna atá ag dul i méid i gcónaí idir an dream is rachmasaí agus is boichte, an ghéarchéim aeráide atá ina bagairt ar ár mbeatha féin, réabhlóid chumarsáide dhomhanda as ar tháinig scoiteacht agus ilroinnt, rud atá íorónta, teacht chun cinn an náisiúnachais chosantaíoch agus ionsaithigh, agus fás rábach ar bhréagaisnéis agus mífhaisnéis mar spreagthóirí suntasacha tuairime agus gnímh. Tá an imirce ag tarlú ar scála a bhí geall le doshamhlaithe sna nóchaidí. I measc éifeachtaí na n-athruithe maidir leis sin tá teacht chun cinn sochaithe atá níos ilchultúrtha agus níos éagsúla i gcónaí, agus próifíl teanga grúpaí den daonra ag athrú le fás ar an ilteangachas. Is é a tháinig freisin as na dúshláin a shainaithnítear anseo feasacht fheabhsaithe ar shaincheisteanna ceartais shóisialta agus cothroime, agus aghaidh á tabhairt freisin ag daoine óga, a bhfuil taithí acu ar an gcuraclam, ar na hathruithe sin agus an tionchar ar a mbeatha agus ar a saol. Fágann na forbairtí sin agus forbairtí eile gur tráthúil é athmhachnamh a dhéanamh ar an dúshlán de chonas is fearr is féidir tacú le daoine óga 'éirí liteartha sa tsochaí nua-aimseartha'. Leis an athfhorbairt seo ar Bhéarla na hArdteistiméireachta soláthraítear deis chun a chinntiú go mbeidh an fhoghlaim ábhartha don scoláire ó thaobh a fhorbartha teanga agus litearthachta.

## Achoimre Roinne

- Leis an siollabas atá ann faoi láthair do Bhéarla na hArdteistiméireachta (1999), léirítear samhail foghlama teanga den chineál 'fás pearsanta tríd an mBéarla'. Mar shiollabas le haghaidh teanga agus litríochta, tá cur chuige comhtháite i leith teagaisc agus foghlama le feiceáil ann.

- D'fhéadfadh cuma ábhairín doiléir a bheith ar an mBéarla sa churaclam i ndáil le fairsinge ábhar an chúrsa agus a intomhaiste atá sé, agus an bhéim ar fhorbairt scileanna neamhshrianta an scoláire sa teanga agus sa litearthacht, agus i gcás inarb é teanga an teagaisc is é an modh trína bhfaigheann foghlaimeoirí rochtain ar an gcuraclam iomlán.

- Le Curaclam Teanga na Bunscoile (2019), an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna (2022), an Straitéis Náisiúnta Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití agus an Tuarascáil Chomhairleach ar an tSraith Shinsearach (2022), i dteannta na sonraíochta athbhreithnithe le haghaidh an Bhéarla sa tsraith shóisearach (2015) tugtar an spreagadh agus an cúlra le haghaidh na hathfhorbartha sin ar Bhéarla na hArdteistiméireachta.

- Le 25 bliana anuas chonacthas athrú chomh suntasach sin ar an oiread sin gnéithe den saol agus dár n-eispéireas gur tráthúil é athmhachnamh a dhéanamh ar an dúshlán de chonas is fearr is féidir tacú le daoine óga 'éirí liteartha sa tsochaí nua-aimseartha'.

# 3. An Béarla sa churaclam

Sa roinn seo soláthraítear forléargas ar an mBéarla laistigh den churaclam in Éirinn, agus tugtar mionsonraí ar léargas ó chuairteanna a tugadh ar scoileanna le déanaí sula ndírítear ar an tuarascáil is déanaí ar an ábhar ón bPríomhscrúdaitheoir.

## Curaclam don Bhéarla sa tsraith shóisearach

In 2014 tugadh isteach an tsonraíocht reatha le haghaidh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí. Leis an gCreat don tSraith Shóisearach (ROS 2015) soláthraíodh an comhthéacs agus na paraiméadair le haghaidh na sonraíochta sin, ar athfhorbairt é sin ar shiollabas Bhéarla an Teastais Shóisearaigh 1989. Is é a bhí mar bhonn faoi shiollabas 1989 teoiric na foghlama teanga mar fhás pearsanta; leis sin cothaíodh fás i bhfoghlaim teanga trí ghníomhú, agus cuardaíodh cothromaíocht leis idir éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Leis sin rinneadh forbairt 'inniúlacht phearsanta ar an teanga' a choincheapú mar trí phríomhinniúlacht: Inniúlacht Phearsanta, Shóisialta agus Chultúrtha. Bhí 'iomláine orgánach an eispéiris' ag baint le forbairt teanga an scoláire, rud a thugann le fios, mar ráiteas prionsabail, go mbaineann cinntí maidir leis an ábhar le hábhair spéise agus eispéiris fhorbartha an fhoghlaimeora, nach bhfuil ceachtanna sa teanga scartha ó cheachtanna sa litríocht, agus nach bhfuil measúnú scartha ó theagasc agus foghlaim. A bhuí le cúrsa oscailte bhí an tsaoirse ag múinteoirí 'an t-ábhar is oiriúnaí, dar leo, do chlár a scoláirí a roghnú.' Leis an siollabas cuireadh chun cinn fairsinge taithí teanga agus tugadh isteach leis, freisin, an coincheap maidir le 'feasacht chriticiúil i leith gach úsáid teanga', rud a mhínítear ar bhealaí éagsúla ann mar fheasacht teanga, agus feasacht ar 'roghnaíocht na húsáide teanga uile'.

Le sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí (RO 2014, a leasaíodh in 2018) coinnítear fás pearsanta agus treoshuíomh litearthachta a réamhtheachtaí, an Teastas Sóisearach, mar is léir óna céad ráiteas aidhmeanna, agus an scoláire á spreagadh 'chun bheith cruthaitheach tríd an teanga agus taitneamh a bhaint as an mBéarla agus fás pearsanta leanúnach a chinntiú uaidh ina fhoirmeacha uile'. Ailíníonn sí le Curaclam Teanga na Bunscoile trína torthaí foghlama leathana ar fud na dtrí Snáithe de Theanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht agus na nGnéithe gaolmhara a bhaineann leis an gcumarsáid, le fiosrú agus tuiscint. Cuirtear béim léi ar theanga ó bhéal, ag féachaint le 'spás gníomhach' a dhéanamh den seomra ranga Béarla, áit 'labhairt sa seomra ranga' ina bhfiosraíonn foghlaimeoirí an teanga agus smaointe an oiread céanna trí bheith ag smaoineamh agus ag labhairt agus trí bheith ag éisteacht agus ag scríobh.' Tá príomhscileanna na sraithe sóisearaí fite fuaite i dtorthaí foghlama na sonraíochta agus in ionad an chúrsa oscailte cuireadh treoir ó réimse téacsanna agus cineálacha téacs i dteannta roghanna oscailte i roinnt mhaith réimsí, chun tacú le rochtain foghlaimeoirí ar fhairsinge agus réimse eispéireas teanga. Measúnú mar chuid de theagasc agus foghlaim tacaítear leis le dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB) – Cumarsáid ó Bhéal, agus Bailiú Théacsanna an Scoláire – a dtaifeadtar na measúnuithe orthu ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) de chuid an scoláire. Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit Tasc Measúnaithe agus scrúdú scríofa dhá uair an chloig a mheasúnú agus a dheimhniú lena n-áireamh ar PGSS. Socruithe measúnaithe coigeartaithe (RO, 2024), leanann siad de bheith i bhfeidhm don scoláire sa tríú bliain sa scoilbhliain 2023/24. Dearadh na socruithe measúnaithe coigeartaithe sin chun an fhoghlaim bhriste a d'fhulaing an scoláire de dheasca COVID-19 a léiriú agus a aithint. Ó thaobh Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, ní mór do gach scoláire MRB amháin ar a laghad a chur i gcrích i ngach ábhar. Ní bheidh ar an scoláire Tasc Measúnaithe a dhéanamh i mBéarla.

Leis an Tuarascáil ar chur i bhfeidhm Bhéarla na Sraithe Sóisearaí 2020 (CNCM 2020) thángthas ar an gconclúid go bhfuil an tsonraíocht i gcomhréir le treochtaí idirnáisiúnta i dteagasc an Bhéarla, go gcuimsítear samhail fáis an Bhéarla léi, go gcuirtear inniúlacht chultúrtha agus chriticiúil san áireamh léi agus go spreagtar léitheoireacht chriticiúil léi. Tá prionsabail an churaclaim agus an measúnú ailínithe go maith, agus, i dtéarmaí leathana, measann na múinteoirí go ndeachaigh an tsonraíocht agus a cur i bhfeidhm chun tairbhe do theagasc agus foghlaim.

# Curaclam don Bhéarla sa tsraith shinsearach

## An Ardteistiméireacht Bhunaithe

In 1999 tugadh isteach i scoileanna an siollabas reatha do Bhéarla na hArdteistiméireachta agus scrúdaíodh é den chéad uair in 2001. I mBéarla na hArdteistiméireachta, rud a forbraíodh thart ar dheich mbliana tar éis Shiollabas an Teastais Shóisearaigh d'fhonn cur leis an Siollabas sin, leagtar amach foghlaim teanga bunaithe ar dhá réimse, Tuiscint agus Cumadóireacht, thar chúig chatagóir teanga – Teanga na Faisnéise, na hArgóinte, an Áitithe, na hInsinte agus Úsáid Aeistéitiúil na Teanga.
Tugtar níos mó ná léitheoireacht le fios le tuiscint a fháil ar rud agus úsáidtear é chun rannpháirtíocht iomlán, dhialógach a léiriú le téacs, agus is é a léirítear le Cumadóireacht próiseas lena gcuimsítear taighde, dréachtú agus eagarthóireacht a dhéanamh. Bheifí ag súil leis go mbreathnaíonn an scoláire ar gach táirge teanga, cé acu is meamram nó dán, óráid pholaitiúil nó dráma, mar théacs nach mór a fhiosrú agus tuiscint a fháil ar a sheánra sonrach. Leis sin cuirtear chun cinn an scoláire agus é ag scríobh i bhfoirmeacha a bhaineann go sonrach leis an seánra ar fud an réimse catagóirí teanga.

Is iad aidhmeanna an tsiollabais an méid seo a leanas a fhorbairt sa scoláire:

- inniúlacht aibí agus chriticiúil chun é a ullmhú do fhreagrachtaí agus dúshláin an tsaoil aosaigh i ngach comhthéacs
- meas agus léirthuiscint d'úsáid chruinn agus chuí a bhaint as an teanga agus inniúlacht i réimse leathan scileanna teanga ó bhéal agus i scríbhinn araon
- feasacht ar luach na litríochta ina foirmeacha éagsúla chun a bhraistintí a shaibhriú, chun a fhéiniúlacht chultúrtha a fheabhsú, agus chun eispéiris de phléisiúr aeistéitiúil a chruthú.

Cuirtear leis na haidhmeanna faoi threoir Inneachar agus Próiseas, Eolais agus Ábhair, Scileanna, agus Dearcthaí agus Éifeachtaí. Dá réir sin, tugtar mionsonraí ar thorthaí foghlama don Tuiscint agus don Chumadóireacht do gach ceann de na cúig chatagóir theanga. Tá na torthaí mar an gcéanna le haghaidh Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil, ach déantar idirdhealú idir na leibhéil faoi threoir mhéid na rannpháirtíochta criticiúla le téacsanna agus chastacht na dtéacsanna féin. Déantar tuilleadh idirdhealaithe idir na leibhéil sa dá roinn: Riachtanais agus Scrúduithe an Chúrsa (féach thíos: Measúnú don teistiúchán).

Cúrsa Ardleibhéil:

- teanga i réimse leathan comhthéacsanna, seánraí, feidhmeanna agus stíleanna
- téacs liteartha amháin (tá sé éigeantach staidéar a dhéanamh ar dhráma Shakespeareach)
- grúpa téacsanna ar bhealach comparáideach

- réimse filíochta, chun roghnú ionadaíoch a áireamh ó shaothar ocht bhfile

An Cúrsa Gnáthleibhéil:

- teanga i réimse leathan comhthéacsanna, seánraí, feidhmeanna agus stíleanna
- téacs liteartha amháin (níl sé éigeantach staidéar a dhéanamh ar dhráma Shakespeareach)
- grúpa téacsanna ar bhealach comparáideach
- rogha filíochta (thart ar 36 dhán).

### An Idirbhliain

I Ráiteas nua Chlár na hIdirbhliana (2024), forbraíonn an Béarla, mar ábhar leanúnachais tábhachtach san Idirbhliain, gnéithe de na príomhinniúlachtaí den tsraith shinsearach agus soláthraítear deiseanna don scoláire chun a straitéisí foghlama a fhiosrú agus a leathnú. Tacaítear leis na príomhinniúlachtaí nuair a bhíonn litearthacht agus uimhearthacht an scoláire forbartha go maith agus nuair is féidir leo dea-úsáid a bhaint as uirlisí éagsúla, lena n-áirítear teicneolaíochtaí, chun tacú lena chuid foghlama. Cé acu an ndéantar clár na hidirbhliana trí thionscadail chomhoibríocha nó aonair, lena mbaineann scileanna digiteacha agus neamhdhigiteacha, is féidir leis roinnt mhaith eispéireas a sholáthar lena gcumasaítear féinléiriú agus lena bhfeabhsaítear fás pearsanta an scoláire tríd bhíthin na teanga. Le deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun labhairt agus cur i láthair a dhéanamh sa rang, os comhair an phobail agus in agallaimh, cothaítear agus méadaítear an fás i scileanna teanga ó bhéal a tosaíodh sa tsraith shóisearach. Ach punann idirbhliana a bhainistiú tugtar deiseanna chun foghlaim a chur os comhair an phobail agus géaraítear an smaointeoireacht mhachnamhach agus chriticiúil. Le leibhéil níos mó rogha agus ionchuir ón scoláire ina chuid foghlama, méadaítear rannpháirtíocht agus an cumas foghlaim go neamhspleách. Níl fás i dteanga ná litearthacht teoranta don seomra ranga Béarla agus leis an idirbhliain soláthraítear deis uathúil don scoláire chun teacht ar réimse inniúlachtaí, is é sin, mar shampla: foghlaim faoi inbhuanaitheacht; nasctha le rannpháirtíocht shibhialta agus phobail; agus litearthacht na háite oibre á cur san áireamh.

## Béarla na hArdteistiméireachta i bhfócas

Sa roinn seo déantar iniúchadh ar rátaí rannpháirtíochta i mBéarla na hArdteistiméireachta agus leas á bhaint as staitisticí ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) agus soláthraítear forléargas ar mheasúnú don teistiúchán agus léargas áirithe ar rannpháirtíocht na scoláirí i réimsí difriúla de shiollabas reatha Bhéarla na hArdteistiméireachta bunaithe ar an tuarascáil is déanaí ó Phríomhscrúdaitheoir CSS don Bhéarla (CSS, 2013).

### Rannpháirtíocht an scoláire

I gcás thart ar 98% de na scoláirí a dhéanann an Ardteistiméireacht Bhunaithe déanann siad na scrúduithe sa Bhéarla ar Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal. I gcás beagán os cionn 75% de na hiarrthóirí a dhéanann staidéar ar an mBéarla, rinne siad an scrúdú ar Ardleibhéal in 2023; bhí an céatadán de dhaltaí a rinne Ardleibhéal in 2019 cothrom le 73%; le Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora do 2013 léirítear ráta glactha don bhliain sin a bhí cothrom le 65% ar Ardleibhéal.

Tábla 1: Líon na scoláirí a dhéanann Béarla na hArdteistiméireachta ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal 2019-2023

| Bliain | Ardleibhéal | Gnáthleibhéal | Líon Iomlán na nIarrthóirí | Líon Iomlán na nIarrthóirí Ardteistiméireachta | An Béarla mar % de líon iomlán na n-iarrthóirí |
|---|---|---|---|---|---|
| 2019 | 40,217 | 14,477 | 54,694 | 56,071 | 97.5 |
| 2020 | 41,950 | 14,639 | 56,589 | 57,569 | 98.3 |
| 2021 | 42,936 | 14,129 | 57,065 | 57,952 | 98.5 |
| 2022 | 43,757 | 13,484 | 57,241 | 58,056 | 98.6 |
| 2023 | 43,275 | 13,996 | 57,271 | 58,006 | 98.7 |

## Measúnú don teistiúchán

Déantar measúnú ar Bhéarla na hArdteistiméireachta le scrúdú scríofa deiridh trí dhá pháipéar ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon. Maireann Páipéar 1 dhá uair an chloig go leith agus 20 nóiméad ann d'am léitheoireachta, agus maireann Páipéar 2 trí uair an chloig mar aon le 20 nóiméad d'am léitheoireachta. Tá 200 marc i gceist le Páipéar 1 agus Páipéar 2.

**Páipéar 1 (Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)**
Cuid I Tuiscint: Tá trí théacs ar théama ginearálta ar an scrúdpháipéar. Leanann dhá cheist, A agus B, gach téacs. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist A a fhreagairt ar théacs amháin agus Ceist B a fhreagairt ar théacs difriúil. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist A amháin, agus sin an méid, agus Ceist B amháin, agus sin an méid, a fhreagairt. Ní féidir leis na hiarrthóirí Ceist A agus Ceist B a fhreagairt ar an téacs céanna.
Cuid II Cumadóireacht: Ní mór do na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar cheann amháin de na seacht n-aiste a leagtar síos.

**Páipéar 2 (Ardleibhéal)**
Cuid I An Téacs Aonair: Ní mór do na hiarrthóirí ceann amháin as dhá cheist a fhreagairt.
Cuid II An Staidéar Comparáideach: Tá rogha ceisteanna ag na hiarrthóirí (ceist as dhá cheist) ar gach ceann de dhá mhodúl as na trí mhodúl atá leagtha amach le staidéar a dhéanamh orthu i mbliain ar leith. Ní mór do na hiarrthóirí ceist a fhreagairt ar dhráma Shakespeareach. Féadfaidh siad é sin a dhéanamh i gCuid I, An Téacs Aonair, nó i gCuid II, An Staidéar Comparáideach.
Cuid III Filíocht: Cuid A: Filíocht nach bhfacthas roimhe – Ní mór do na hiarrthóirí ceist as dhá cheist a fhreagairt. Cuid B: Filíocht atá leagtha síos – Ní mór do na hiarrthóirí ceist amháin as ceithre cheist a fhreagairt.

**Páipéar 2 (Gnáthleibhéal)**
Cuid I An Téacs Aonair: Ní mór do na hiarrthóirí trí cheist a fhreagairt. Tá Ceist 1 agus Ceist 2 éigeantach. Tá rogha de thrí mhír thástála ag na hiarrthóirí, agus ceann amháin díobh le freagairt i gCeist 3.

Cuid II An Staidéar Comparáideach: Tá rogha ceisteanna ag na hiarrthóirí (ceist as dhá cheist) ar gach ceann de dhá mhodúl as na trí mhodúl atá leagtha amach le staidéar a dhéanamh orthu i mbliain ar leith.
Cuid III Filíocht: Cuid A: Filíocht nach bhfacthas roimhe – Ní mór do na hiarrthóirí na ceisteanna uile a fhreagairt

Cuid B: Filíocht atá leagtha síos – Ní mór do na hiarrthóirí freagra a thabhairt ar dhán amháin as ceithre dhán. Tá dhá cheist bunaithe ar an liosta dánta le filí a bhaineann le hArdleibhéal agus Gnáthleibhéal araon, agus tagann dhá cheann díobh ón liosta dánta atá leagtha síos le staidéar a dhéanamh orthu ar Ghnáthleibhéal amháin. Ní mór do na hiarrthóirí Ceist 1 agus mír thástála amháin a fhreagairt ó rogha de thrí mhír i gCeist 2

## Léargas ó Thuarascáil an Phríomhscrúdaitheora 2013

Foilsíodh an Tuarascáil is déanaí ón bPríomhscrúdaitheoir don Bhéarla (CSS, 2013) tar éis na scrúduithe in 2013. Go ginearálta, tugadh luach saothair d'iarrthóirí a léirigh go raibh cumas iontu cumarsáid a dhéanamh go líofa agus go héifeachtach. Mar sin féin, bhí fadhbanna ag iarrthóirí áirithe an teanga a bhainistiú agus a rialú agus tugadh faoi deara i roinnt freagraí nach raibh aird mhaith á tabhairt acu ar ghnéithe foirmiúla den teanga, amhail an litriú, an ghramadach agus an phoncaíocht. Cé gur tugadh fianaise ar rannpháirtíocht chriticiúil iarrthóirí áirithe le téacsanna faoi deara sa roinn a bhaineann leis an Staidéar Comparáideach, luaitear go ginearálta sa tuarascáil nár bhain na hiarrthóirí marc chomh hard sin amach ansin is a bhain siad amach i gcodanna eile den scrúdpháipéar. Cuireadh bac orthu uaireanta le cuir chuige struchtúrtha i leith ceisteanna a fhreagairt, rud a chuir cosc ar rannpháirtíocht le téarmaí na gceisteanna agus a chuir srian ar nochtadh tuairimí neamhspleácha.

Leis an tuarascáil moltar dá nglacfaí cur chuige próisis i leith na scríbhneoireachta go rachfaí go mór chun tairbhe do scoláirí uile Bhéarla na hArdteistiméireachta, mar a bheadh i gceist dá léifí go forleathan ó rogha éagsúil téacsanna i réimse seánraí. Chuideodh an léitheoireacht sin leis an scoláire na scileanna is gá a fhorbairt chun a fhreagraí a chumadh agus smacht agus muinín níos mó iontu. Ar deireadh, leis an tuarascáil gríosaítear múinteoirí chun na deiseanna a thairgtear le cúrsa Bhéarla na hArdteistiméireachta a thapú chun scileanna smaointeoireachta criticiúla an scoláire agus a scileanna i litearthacht chriticiúil a fhorbairt, ionas gur féidir leis bailíocht na smaointe a chuirtear i láthair i dtéacsanna a mheasúnú agus a cheistiú agus teacht ar thuairimí neamhspleácha ar bhealach níos muiníní.

## Achoimre Roinne

- Leis an tsonraíocht do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí (2014) soláthraítear leanúnachas le Béarla an Teastais Shóisearaigh 1989 maidir lena fhás pearsanta agus lena threoshuíomh litearthachta a choinneáil. Tá sí ar aon dul le Curaclam Teanga na Bunscoile (2019) trína torthaí foghlama ar fud na dtrí Snáithe de Theanga ó Bhéal, Léitheoireacht agus Scríbhneoireacht. Tá príomhscileanna na sraithe sóisearaí fite fuaite i dtorthaí foghlama na sonraíochta agus in ionad an chúrsa oscailte cuireadh treoir ó réimse téacsanna agus cineálacha téacs.
- I gcomhréir leis an gCreat don tSraith Shóisearach (2015), cuireann Béarla na Sraithe Sóisearaí béim ar an tábhacht a bhaineann le measúnú mar chuid de theagasc agus foghlaim. Tacaítear leis sin le dhá Mheasúnú Rangbhunaithe (MRB): Cumarsáid ó Bhéal, agus Bailiú Théacsanna an Scoláire – a dtaifeadtar na measúnuithe orthu ar Phróifíl Ghnóthachtála na Sraithe
- Déantar Béarla na hArdteistiméireachta, rud a dhéanann níos mó na 98% de scoláirí na hArdteistiméireachta Bunaithe, a thairiscint ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon. Tá na torthaí foghlama díreach mar an gcéanna don dá leibhéal agus tá ábhar an chúrsa ailínithe chun foráil a dhéanamh maidir le solúbthacht agus gluaiseacht idir na leibhéil.

# 4. Léargas ó chuairteanna scoile

Rinneadh cuairteanna scoile mar chuid den obair scóipe don Cháipéis Eolais seo. Roghnaíodh an sampla ionadaíoch ó na 55 scoil a léirigh spéis i dteacht chun bheith rannpháirteach i bhforbairtí ar churaclam Bhéarla na hArdteistiméireachta. Roghnaíodh na sé scoil agus úsáid á baint as critéir a bhaineann le stádas DEIS, inscne, méid na scoile, agus an cineál scoile. Rinneadh cuairteanna ar na scoileanna sin i mí Eanáir 2024 agus is éard a bhí i gceist leo cruinnithe fócasghrúpa le 37 scoláire ón tsraith shinsearach, 31 mhúinteoir Béarla don Ardteistiméireacht agus 5 cheannaire scoile. Sa roinn seo a leanas soláthraítear forléargas ar an léargas a bailíodh ó na cuairteanna sin.

### Láidreachtaí agus dúshláin an tsiollabais reatha

> *Teachers are passionate about English. I am privileged to share that passion with students…to build that empathy and to give texts room to breathe [Tá múinteoirí paiseanta faoin mBéarla. Tá sé de phribhléid agam an paisean sin a roinnt leis an scoláire…chun an chomhbhá sin a chothú agus spás anála a thabhairt do théacsanna.]* (Múinteoir, fócasghrúpa)

Le pléití an fhócasghrúpa léirítear muinín shuntasach i múinteoirí agus díograis iontu do shiollabas na hArdteistiméireachta. Ar na tosaíochtaí áiríodh cur leis 'an smaointeoireacht chriticiúil sin…ina mbreathnaíonn an scoláire níos faide ná na focail ar an leathanach', agus scileanna inaistrithe a fhorbairt. Tá 'tábhacht bhunúsach mhór' ag an mBéarla 'don chuid eile den churaclam.' Is éard atá 'i gceist leis freisin taitneamh a bhaint as an bhfoirm ealaíne…is féidir leis taitneamh a bhaint as cruthaitheacht na teanga atá spraíúil.' Baineann múinteoirí taitneamh, freisin, as an 'leibhéal mór rogha', 'éagsúlacht ollmhór' an chúrsa, faoi mar a rinne múinteoir amháin achoimre air: 'Tá an méid a mheastar a bheith ina théacs chomh leathan sin. Tá sé chomh tábhachtach an raon sin a bheith ann chun díriú isteach ar rud a spreagann é.' Go híorónta, sainaithníodh fairsinge agus méid an chúrsa freisin mar an dúshlán ba mhó a bhí aige, b'fhéidir. Meastar gur 'ábhar chomh leathan sin' é go mbraitheann múinteoirí 'nach mór tuiscint a bheith againn ar an ualach oibre…fad agus ollmhéid an churaclaim' agus gur 'féidir gur cosúil ón méid ábhair gur crannchur atá ann'. Bhraith cuid acu gur féidir leis an scála dul i gcoinne cruthaitheachta agus doimhneachta nuair 'is mian leat, ar ndóigh, go bhfiosródh an scoláire a láidreachtaí cruthaitheacha'. Le haiseolas na scoláirí athluadh cuid mhór de na láidreachtaí agus de na dúshláin a shainaithin na múinteoirí sna fócasghrúpaí.

> *It's hard to put a pin in what you can change. It is beautiful that English can be learned through listening and writing.* [*Is deacair a rá go beacht cad is féidir a athrú. Is álainn an rud é gur féidir an Béarla a fhoghlaim trí bheith ag éisteacht agus ag scríobh*.] (Scoláire, fócasghrúpa)

Is é an mothú ginearálta ón gcomhairliúchán le scoláirí go bhfuil taitneamh á bhaint ag na scoláirí as an gcúrsa filíochta. Tá taitneamh á bhaint acu freisin as an 'stuif i bPáipéar 1', rud a shainaithin siad mar sheans chun a thuairimí a chur in iúl agus chun bheith cruthaitheach. Tá taitneamh á bhaint acu as an 'éagsúlacht téacsanna', de chineál liteartha agus neamhliteartha araon, lena dtugtar 'dearcadh níos leithne ar an saol agus ar a ghnéithe difriúla.' Rinne beirt scoláirí achoimre air ar an mbealach seo:

> *'The aesthetic of language. How to use it to express yourself and your feelings and*

*make yourself heard. It happens through reading and understanding and having the will to understand.' And, 'it helps with other subjects as well.'* [*Aeistéitic na teanga. Conas í a úsáid chun tú féin agus do chuid mothúchán a chur in iúl agus chun go n-éistfear leat. Tarlaíonn sí tríd léitheoireacht agus tuiscint agus ach a bheith toilteanach tuiscint a fháil ar rud.' Agus, 'cuidíonn sí le hábhair eile chomh maith.]*

'*There are moments when you are learning poems and that is what you are really learning. I think that English should be based around that feeling*.' [*Bíonn tráthanna ann nuair atá dánta á bhfoghlaim agat agus sin an méid atá á fhoghlaim agat dáiríre. Measaim gur cheart an Béarla a bheith bunaithe ar an mothú sin*.] (Scoláire, fócasghrúpa)

### Treoir théacs

Maidir lena n-ábhair dhóchais don athbhreithniú, bhraith múinteoirí gur cheart féachaint arís ar shamhail reatha na treorach téacs – lena n-áirítear na liostaí de fhilíocht agus filí – d'fhonn an ráta ar a n-athraíonn téacsanna a laghdú. (Faoi láthair, eisítear liosta téacsanna athbhreithnithe go bliantúil do gach cohórt scoláirí a dhéanann scrúdú na hArdteistiméireachta). Mar a dúirt duine díobh: Ó thaobh cleachtaidh de, is fuath liom nuair a chuirtear téacsanna ar ceal go tapa. Is iontach an rud é athshúil a thabhairt ar fhile nó téacs arís.' D'fháiltigh siad roimh an gcéim i dtreo téacsanna agus údair níos éagsúla, ach ní 'chun aimhleasa na gclasaicí…Is maith an rud é meascán idir sean agus nua.' I bhfianaise a dheacra a bhí an staidéar comparáideach moladh go ndéanfaí athbhreithniú agus athnuachan ar na modhanna.

### Béim níos láidre ar Labharthacht

Bhí múinteoirí agus scoláirí i bhfabhar béim níos láidre ar labharthacht sa tsonraíocht athfhorbartha. Measadh go raibh foghlaim trí éisteacht, labhairt agus plé bunriachtanach don seomra ranga Béarla. Rinne múinteoir amháin achoimre ar aidhm an Bhéarla mar a leanas: 'Comhbhá a chur chun cinn, iad a mhealladh chun machnamh a dhéanamh lasmuigh dá saolta féin. Tá siad an-ghlórach – má éiríonn leat iad a chur ag caint agus ag labhairt, is amhlaidh a athraítear gach rud!' Le tuairimí ó mhúinteoirí eile cuireadh béim ar thábhacht na teanga ó bhéal don chuimsitheacht: 'Bheadh an méid sin ina chuidiú do scoláirí RSO. Is féidir leo iad féin a chur in iúl ó bhéal ar bhealach nach féidir leo a dhéanamh tríd an scríbhneoireacht; foghlaimíonn siad conas caint le chéile go sóisialta.' Ar na freagraí ó scoláirí ar cheisteanna maidir le conas is fearr a fhoghlaimíonn siad sa Bhéarla áiríodh an tuairim gur 'gá níos mó comhrá a bheith ann' agus 'Foghlaimíonn tú ó dhaoine eile. Ní mór dom cloisteáil ó gach duine sa rang. Sin an chuid is luachmhaire den Bhéarla.'

Maidir leis an gcomhpháirt mheasúnaithe bhreise, bhí comhpháirt mheasúnaithe ó bhéal, mar aonán ann féin, nó mar cheann amháin ó roinnt leaganacha amach, i measc na moltaí a luaigh na múinteoirí agus na scoláirí. Thug grúpa múinteoirí amháin le fios gurb amhlaidh, agus MRB á shíneadh ón tsraith shóisearach, a d'fhéadfadh an chomhpháirt mheasúnaithe bhreise a bheith i bhfoirm cuir i láthair, taifeadta nó podchraolta. Agus tagairt siar á déanamh do MRBanna na sraithe sóisearaí, bhí na scoláirí i bhfabhar rogha leaganacha amach freisin ina gcuirfí an obair i láthair. Mhínigh scoláire amháin: 'B'fhearr le daoine áirithe tionscadal a dhéanamh agus b'fhearr le daoine eile labhairt. Cuirtear iallach ar dhaoine cúthaile labhairt, agus tá a fhios agam go mbíonn sé deacair dóibh.'

## Measúnú

D'fháilteodh múinteoirí roimh thionscadal taighde mar chomhpháirt mheasúnaithe bhreise, ach ní gá go mbeadh sé ceangailte leis an staidéar comparáideach; d'fhéadfadh gné bhéil a bheith ag baint leis (cur i láthair nó podchraoladh srl.); agus mar a dúirt múinteoir amháin: 'Má táimid dáiríre faoi bheith ag léamh chun taitneamh a bhaint as, is gá dúinn spás a chruthú lena aghaidh!' Maidir le Comhpháirt Mheasúnaithe Bhreise, bhí na scoláirí go mór i bhfabhar 'rud a laghdódh strus an scrúdaithe go ginearálta', amhail tionscadal, leathnú ar MRBanna na sraithe sóisearaí b'fhéidir, agus roghanna ann do leaganacha amach difriúla amhail podchraoladh, cur i láthair, 'punann de do chuid oibre, b'fhéidir', nó 'rud ar nós an chláir Gaisce a d'fhéadfaí a chur san áireamh i gcúrsa Béarla'. 'Is gá níos mó comhrá a bheith ann sa Bhéarla, tá sé chomh tábhachtach sin don smaointeoireacht chriticiúil'. Luaigh scoláire amháin nach raibh an Béarla ná an Ghaeilge mar a chéad teanga an méid seo a leanas: 'Measaim le haghaidh scoláirí EAL go mbaineann an taithí atá acu ar an litríocht le níos mó ná an méid atá ar an liosta mar gheall ar a gcúlraí cultúrtha nó a leithéid. Sílim go mbeadh sé go hiontach dá bhféadfaidís tarraingt air sin.' Thairg scoláire amháin an rabhadh seo a leanas: 'Tá trí thionscadal á ndéanamh agam agus braithim go bhfuil sé níos strusmhaire féachaint le gach ceann díobh a dhéanamh…is gá dátaí agus spriocdhátaí a chomhordú!' Ar deireadh, cuireadh an tuairim dhiongbháilte seo in iúl:

> *We like a break from the phones. Don't put anything to do with social media on the course. Phones stop people from focusing*! [*Is maith linn sos a bheith againn ó na gutháin. Ná cuir aon ní a bhaineann leis na meáin shóisialta ar an gcúrsa. Cuireann gutháin cosc ar dhaoine a n-aird a dhíriú!]* (Scoláire, fócasghrúpa)

Bhí na ceannairí scoile uile a cuireadh faoi agallamh den tuairim gurb amhlaidh le tabhairt isteach Comhpháirteanna Measúnaithe Breise go mbeidh áiteanna ann ina mbeidh brú breise suntasach ar scoileanna ar feadh na bliana agus gur cheart do Choimisiún na Scrúduithe Stáit agus an Roinn Oideachais machnamh a dhéanamh go cúramach ar an tráth is gá obair a chur isteach. Beidh tionchar suntasach ag ceisteanna uainiúcháin ar mhúinteoirí, agus beidh níos mó ná ábhar amháin á mhúineadh ag roinnt mhaith díobh, agus ar an scoláire, arbh fhéidir go mbeidh air idir sé agus ocht gcinn de thionscadail a chur isteach. Ina theannta sin, is gá na tionscadail a chur i láthair i leaganacha amach digiteacha agus beidh impleachtaí suntasacha aige sin do scoileanna agus múinteoirí ó thaobh acmhainní agus tacaíocht theicniúil de.

Maidir leis an tionchar is dócha a bheidh ag athruithe ar mheasúnú, measadh gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir eolas an scoláire a thástáil agus a chinntiú go dtarlóidh foghlaim ó thaithí; tá sé an-tábhachtach gach leas a bhaint as eispéiris an scoláire ó thaobh ghné shóisialta na scoile de. Ina theannta sin, bheadh sé tábhachtach go seasfadh múinteoirí siar agus go ligfidís don scoláire a thionscadal féin a dhéanamh.

## Achoimre Roinne

- Taitníonn fairsinge agus raon Bhéarla na hArdteistiméireachta le múinteoirí agus leis an scoláire. Tugann múinteoirí faoi deara go gcuidíonn na hábhair leis an scoláire a smaointeoireacht chriticiúil a fheabhsú agus scileanna inaistrithe tábhachtacha a fháil. Cuireann múinteoirí béim ar luach agus tábhacht an Bhéarla chun cabhrú leis an scoláire rochtain a fháil ar an gcuraclam ar bhealach níos leithne, ar fud na n-ábhar agus na gclár uile. Mar sin féin, tugtar faoi deara go bhfuil méid an tsiollabais ina dhúshlán freisin ar bhealaí áirithe.

- Is maith le múinteoirí agus leis an scoláire plé le réimse leathan téacsanna. Fáiltíonn múinteoirí roimh dheiseanna chun plé le téacsanna agus údair éagsúla, chomh maith le saothair chlasaiceacha litríocht an Bhéarla. Mar sin féin, thug múinteoirí faoi deara go bhféadfaí laghdú a dhéanamh ar an ráta ar a leagtar amach liostaí téacsanna nua.

- D'éiligh roinnt mhaith múinteoirí agus scoláirí go gcuirfí béim níos láidre ar labharthacht in eispéireas Bhéarla na hArdteistiméireachta, agus tarraingíodh aird ar thábhacht an chomhrá agus an phlé sa seomra ranga Béarla. Tugadh tairbhí na huileghabhálachta faoi deara sa chomhthéacs sin, lena n-áirítear don scoláire nach é an Béarla a chéad teanga.

- Tríd is tríd, d'fháiltigh na scoláirí agus na múinteoirí roimh Chomhpháirt Mheasúnaithe Bhreise don Bhéarla. Tugadh faoi deara go bhféadfadh comhpháirt den sórt sin a bheith ina chuidiú chun strus an scoláire a laghdú, agus foráil á déanamh an tráth céanna maidir le leaganacha amach difriúla cuir i láthair trína bhféadfadh an scoláire a chuid oibre a léiriú.

# 5. Treochtaí idirnáisiúnta i socruithe curaclaim meánscoile sinsearaí don Bhéarla

Sa roinn seo breithnítear timpeallacht oideachais an Bhéarla go hidirnáisiúnta. Athbhreithniú ar oideachas Béarla meánscoile sinsearaí i roinnt mhaith dlínsí: Tuaisceart Éireann, Sasana, Albain, New South Wales agus Queensland.

## Tuaisceart Éireann

Le Curaclam Thuaisceart Éireann, rud atá leagtha síos ag an gComhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM), soláthraítear réimse leathan ábhar don scoláire san oideachas iar-bhunscoile lena n-áirítear sonraíochtaí don Bhéarla agus do Litríocht an Bhéarla. Is ionann Teastas Ginearálta an Mheánoideachais (TGM) agus deireadh an oideachais éigeantaigh i dTuaisceart Éireann. Nuair a bhaineann mic léinn 16 bliana d'aois amach leanna cuid díobh ar aghaidh ar scoil agus roghnaíonn siad staidéar a dhéanamh le haghaidh cáilíochtaí Bunleibhéil, Cáilíochtaí Gairme, nó Theastas Ginearálta an Oideachais (TGO). Is féidir aonaid AF nó A2 nó meascán díobh a bheith i gceist leis sin. Is cúrsa dhá bhliain é A-leibhéal TGO. Is é atá sa chéad bhliain ná Ard-Fhotheastas (AF) agus déantar scrúduithe i ndeireadh na bliana sin. I dTuaisceart Éireann seasann na torthaí don scrúdú AF do 40% den (Ard-)cháilíocht A-leibhéil. I ndeireadh bhliain a dó déantar na torthaí do leibhéil AF agus A-leibhéil a chomhcheangal chun an toradh A-leibhéil deiridh a thabhairt. I gcás iad sin a roghnaíonn leibhéil TGO, is iondúil go roghnaíonn siad trí nó ceithre cinn d'ábhair. Bheadh Béarla na hArdteistiméireachta comhionann le cúrsaí leibhéal AF agus leibhéal A2, agus *Litríocht an Bhéarla TGO* ar an gcúrsa coibhéiseach.

### TGO i Litríocht an Bhéarla

TGO i Litríocht an Bhéarla (2019), cúig aonad measúnaithe atá aige, a ndéantar measúnú seachtrach ar cheithre cinn díobh agus measúnú inmheánach ar cheann amháin díobh. Leis sin tugtar deiseanna don scoláire staidéar a dhéanamh ar réimse de litríocht an Bhéarla atá scríofa ag scríbhneoirí Éireannacha agus deiseanna chun téacsanna a léamh ó chanóin litríocht an Bhéarla chomh maith le téacsanna le scríbhneoirí níos nua-aimseartha. Leis sin tugtar tacaíocht don scoláire forbairt mar léitheoir géarchúiseach atá in ann taighde neamhspleách agus criticiúil a dhéanamh. Ar aonaid an chúrsa tá:

- AF 1: Staidéar ar Fhilíocht 1900–An tAm i Láthair agus Dráma 1900–An tAm i Láthair
- AF 2: Staidéar ar Phrós Roimh 1900
- A2 1: Seánraí Shakespeareacha
- A2 2: Staidéar ar Fhilíocht Roimh 1900 agus Filíocht nach bhFacthas Riamh
- A2 3: Measúnú Inmheánach [Cuireann an scoláire aiste 2500 focal i gcrích ar cheann de na téamaí a thugtar].

**Measúnú**
Tá gach aonad ar fáil chun measúnú a dhéanamh air sa samhradh gach bliain. Is féidir aonaid mheasúnaithe AF agus A2 aonair a athdhéanamh uair amháin agus an toradh is fearr do gach

aonad a chur san áireamh i gcáilíocht A-leibhéal nó leibhéal A2. Is féidir torthaí iarrthóirí d'aonaid mheasúnaithe aonair a chur san áireamh i gcáilíocht.

Déantar measúnú ar leibhéal AF le dhá scrúdú scríofa sheachtracha a sheasann do 60% agus 40% den leibhéal AF agus 24% agus 16% den leibhéal A2 faoi seach. Is éard atá i gceist le measúnú ar leibhéal A2 dhá scrúdú scríofa sheachtracha agus seasann an dá cheann acu do 20% den leibhéal A2 agus measúnú inmheánach (an aiste 2500 focal) a sheasann do 20% den leibhéal A2.

Is ann do chúig chuspóir measúnaithe don tsonraíocht. Ní mór do na hiarrthóirí:

- freagraí eolacha, pearsanta agus cruthaitheacha a thabhairt ar théacsanna liteartha, agus úsáid á baint as coincheapa agus téarmaíocht ghaolmhar, agus léiriú scríofa ciallmhar, cruinn
- anailís a dhéanamh ar bhealaí ina múnlaítear bríonna i dtéacsanna liteartha
- tuiscint a léiriú ar thábhacht agus tionchar na gcomhthéacsanna ina scríobhtar agus ina bhfaightear téacsanna liteartha
- iniúchadh a dhéanamh ar cheangail idir téacsanna liteartha
- téacsanna liteartha a fhiosrú agus léirmhínithe difriúla mar bhonn eolais fúthu.

Soláthraítear treoirlínte mionsonraithe le haghaidh na measúnuithe seachtracha agus inmheánacha araon, lena n-áirítear treoracha maidir le deimhniú barántúlachta an mhúinteora a ghabhfaidh le hobair an iarrthóra.

## Sasana

Déanann Marshall (CNCM, 2023) an curaclam náisiúnta don Bhéarla, as a dtagann TGM, a thréithriú mar churaclam lena léirítear samhail oidhreachta liteartha inarb iad na tionchair cheannasacha atá ann téacsanna clasaiceacha lena mbaineann 'tromchúis agus luach', nach mór a mhúineadh don scoláire mar ullmhúchán do na measúnuithe lena gcuirtear an curaclam i bhfeidhm go bunúsach. Níl an cur chuige i leith na teanga agus na litríochta ina chur chuige comhtháite mar atá i gceist le sonraíocht na Sraithe Sóisearaí agus shiollabas na hArdteistiméireachta de chuid na hÉireann. Tá sonraíochtaí ar fáil don Bhéarla agus do Litríocht an Bhéarla. Tá sonraíochtaí ar leith ann don Béarla agus do Litríocht an Bhéarla ar leibhéal TGM. Tá sonraíochtaí ar leith ann don Bhéarla agus Litríocht an Bhéarla ar leibhéal AF agus A-leibhéal TGO. Le hathchóirithe ar na A-leibhéil i Sasana, a tosaíodh in 2015, 'scaradh' AF ón A-leibhéal, rud a fhágann nach gcuirtear torthaí AF san áireamh a thuilleadh san A-leibhéal iomlán. Níl leibhéil AF ar fáil ach mar cháilíocht aonair. Leagann an Roinn Oideachais síos an t-inneachar ábhair nach mór a chlúdach le leibhéal AF agus A-leibhéil agus déanann boird scrúdaithe cáilíochtaí ar leibhéal AF agus A-leibhéal a fhorbairt, a mharcáil agus a bhronnadh. Is ann do cheithre bhord scrúdaithe faoi láthair: AQA, OCR, Pearson agus WJEC Eduqas. [Chun críoch léiriúcháin, baineann na sonraíochtaí dá dtagraítear anseo le sonraíochtaí bhord AQA.]

### TGO sa Bhéarla

Cuimsíonn an t-inneachar ábhair do shonraíocht an Bhéarla ar leibhéal AF difríochtaí agus léirithe téacsúla, éagsúlacht teanga agus scileanna scríbhneoireachta. Tá modhanna anailíse teanga mar bhonn faoin staidéar ar na hábhair sin. Orthu sin tá: foghraíocht, fóineolaíocht agus

prosóid; grafeolaíocht; séimeantaic; gramadach; pragmataic; dioscúrsa.

Le haghaidh A-leibhéal cuimsítear san inneachar ábhair; difríochtaí agus léirithe téacsúla, forbairt teanga na bpáistí
agus éagsúlacht teanga agus athrú, dioscúrsaí teanga, scileanna scríbhneoireachta, imscrúdú teanga agus scríbhneoireacht bhunaidh. Arís, is éard atá mar bhonn faoi na comhpháirteanna sin na modhanna anailíse teanga mar atá thuas.

### Measúnú

Déantar an measúnú ar leibhéal AF le dhá scrúdpháipéar scríofa, agus seasann gach ceann díobh do 50% de na marcanna atá ar fáil. Déantar an measúnú ar an A-leibhéal le dhá scrúdpháipéar scríofa, agus seasann gach ceann acu do 40% de na marcanna atá ar fáil agus measúnú nach scrúdú é dar teideal Teanga i nGníomh a sheasann do 20% de na marcanna atá ar fáil, ar a ndéanann múinteoirí measúnú agus ar a ndéanann an bord scrúdaithe modhnóireacht. Leis an tionscadal scoilbhunaithe sin ceadaítear don scoláire sonraí teanga a fhiosrú agus a anailísiú go neamhspleách agus a shaineolas scríbhneoireachta féin a fhorbairt agus machnamh a dhéanamh air. Déanann sé sin ach staidéar nó imscrúdú teanga 2000 focal ar fad a dhéanamh agus píosa scríbhneoireachta bunaidh a sholáthar in éineacht le tráchtaireacht mhachnamhach atá thart ar 750 focal ar fad.

## TGO Litríocht an Bhéarla

I ndáil leis an tsonraíocht do Litríocht an Bhéarla tá an modh stairiúlachais a bhaineann le staidéar a dhéanamh ar théacsanna go diacronach (ar feadh tréimhse leathan) i gcroílár na sonraíochta. Is éard atá i gceist le hinneachar ábhair ar leibhéal AF staidéar a dhéanamh ar théama socraithe, m.sh. an Grá Síos Trí na Blianta. Bheifí ag súil leis go léifeadh an scoláire go fairsing ó na liostaí téacsanna dualgais agus go ndéanfadh sé staidéar orthu seo: Dráma amháin (Shakespeare), Díolaim Filíochta amháin (ullmhaíonn na boird scrúdaithe díolamaí), agus dhá théacs próis.

Is éard atá i gceist le hinneachar ábhair don tsonraíocht ar an A-leibhéal na caidrimh arb ann dóibh idir téacsanna agus na comhthéacsanna ar laistigh díobh a scríobhtar, a fhaightear agus a thuigtear iad a fhiosrú.
Go bunúsach, déantar staidéar ar théacsanna i bpéirí, m.sh. téama: An Grá síos trí na blianta – Croíthéacs dualgais amháin (Shakespeare) B Dhá théacs dualgais chomparáideacha (téacs filíochta amháin agus téacs próis amháin – ní mór ceann amháin díobh a bheith scríofa roimh 1900); téama: Téacsanna i gcomhthéacsanna roinnte – croíthéacs dualgais amháin agus dhá théacs dualgais chomparáideacha; téama: Téacsanna le himeacht ama – dhá théacs a roghnaíodh go neamhspleách (ní mór ceann amháin díobh a bheith scríofa roimh 1900).

### Measúnú

Tá measúnuithe de chineál líneach, rud a fhágann go ndéanann an scoláire na scrúduithe AF uile i ndeireadh a chúrsa AF agus na scrúduithe A-leibhéil uile i ndeireadh a chúrsa A-leibhéil. Le haghaidh leibhéal AF is ann do dhá scrúdpháipéar, agus seasann gach ceann díobh do 50% de na marcanna iomlána le haghaidh an leibhéil. Ar A-leibhéal is ann do dhá scrúdpháipéar, agus seasann gach ceann acu do 40% de na marcanna iomlána agus aiste (2500 focal) nach scrúdú é ar an staidéar comparáideach ar dhá théacs, ar a ndéanann múinteoir measúnú, ar a ndéanann an bord scrúdaithe modhnóireacht agus dá sanntar 20% de na marcanna iomlána.

## Albain

Tá curaclam an Bhéarla laistigh de *Curriculum for Excellence* (CfE) na hAlban mar an Béarla agus an litearthacht don oideachas meánscoile íochtaraí. San oideachas meánscoile sinsearaí, tá Cúrsaí Náisiúnta don Bhéarla de chuid Údarás Cáilíochtaí na hAlban (SQA) ar fáil don Ardleibhéal agus don Sár-Ardleibhéal. Le cúrsaí náisiúnta léirítear luachanna, cuspóirí agus prionsabail *Curriculum for Excellence.* Leis na cúrsaí sin tairgtear solúbthacht, soláthraítear am foghlama, dírítear ar scileanna agus foghlaim a chur i bhfeidhm, agus soláthraítear raon do phearsantú agus rogha. (SQA, *Higher English* 2023 lch. 2)

### Higher English Course Specification

Leis an Higher English Course Specification (SQA 2023) tugtar breac-chuntas ar chuspóir agus aidhmeanna an chúrsa ionas go gcuirfí ar chumas an scoláire éirí inniúil sna réimsí seo a leanas:

- léamh, scríobh, labhairt agus éisteacht i gcomhthéacsanna mionsonraithe agus casta, mar is iomchuí don chuspóir agus don lucht spéise
- téacsanna mionsonraithe agus casta a thuiscint, a anailísiú agus a mheas, lena n-áirítear téacsanna Albanacha, i gcomhthéacsanna na litríochta, na teanga agus na meán
- téacsanna scríofa agus teanga labhartha a chruthú agus a chur ar fáil, mar is iomchuí don chuspóir, don lucht spéise agus don chomhthéacs, trí eolas agus tuiscint ar theanga mhionsonraithe agus chasta a chur i bhfeidhm.

I gcomparáid le hoidhreacht agus cur chuige stairiúil shonraíocht TGO de chuid Shasana do Litríocht an Bhéarla, mheabhródh aidhmeanna na sonraíochta Béarla na hArdteistiméireachta duit níos mó ná a mhalairt. Níl téacsanna a bhfuil staidéar le déanamh orthu leagtha síos amhlaidh. ‘Lasmuigh den liosta téacs de chuid na hAlban, a thairgeann réimse téacsanna atá leagtha síos ar fud sheánraí an dráma, fhicsean an phróis agus na filíochta, níl aon sriain ann i roghnú na dtéacsanna le staidéar a dhéanamh orthu. Is féidir téacsanna a roghnú ón litríocht, ón teanga nó ó na meáin, inar féidir leis na hiarrthóirí anailís agus meastóireacht mhionsonraithe agus chasta a dhéanamh a bhuí leis an ábhar, an stíl agus an struchtúr. Ina theannta sin, ba cheart do na téacsanna leathnú ar réim shamhlaíoch, mhothúchánach agus intleachtúil iarrthóirí a chur chun cinn.’ (SQA, *Higher English* 2023, lch 4.)

### Measúnú

Déanann SQA páipéir ceisteanna a leagan síos agus a mharcáil agus déantar scrúduithe in ionaid faoi dhálaí a shonraítear do scrúduithe seachtracha. Is ann do dhá pháipéar scrúdaithe: Léitheoireacht don Tuiscint, Anailís agus Meastóireacht, agus Léitheoireacht Chriticiúil ina bhfuil dhá chuid – Téacsanna na hAlban agus Aiste chritice. Ina theannta sin, is ann do mheasúnú cúrsa dar teideal scríbhneoireacht phunainne.

Le sonraí breise áirithe maidir leis na socruithe measúnaithe don scríbhneoireacht phunainne d’fhéadfadh sé go dtacófaí leis an athfhorbairt sin ar Bhéarla na hArdteistiméireachta maidir le breithnithe don Chomhpháirt Measúnaithe Bhreise:

- leis an scríbhneoireacht phunainne soláthraítear fianaise ar scileanna na n-iarrthóirí sa scríbhneoireacht le haghaidh cuspóir amháin as dhá chuspóir: cruthaitheach ar an mórgóir, agus

dioscúrsach ar an mórgóir. Níl na cuspóirí sin comheisiach, agus is féidir go mbeidh gnéithe díobh araon sa scríbhneoireacht.

- sanntar 30% de na marcanna iomlána don mheasúnú cúrsa do scríbhneoireacht phunainne. Baintear amach an t-ualú 30% tríd an marc a dhúbailt do phíosa amháin.
- cuireann na hiarrthóirí téacs scríofa amháin ar fáil: cruthaitheach ar an mórgóir, nó dioscúrsach ar an mórgóir. Is féidir leo an téacs sin a roghnú ón scríbhneoireacht a dhéanann siad i rith an chúrsa. Cuireann na hiarrthóirí an phunann ar fáil go neamhspleách, ach tacaíonn an múinteoir nó an léachtóir leo chun fócas, téama agus seánra an phíosa scríbhneoireachta a roghnú.Ieagann ionaid laistigh de threoirlínte SQA an scríbhneoireacht phunainne sin síos; rud a dhéantar faoi mhaoirseacht agus rialú áirithe; cuirtear fianaise faoi bhráid SQA lena marcáil go seachtrach; dearbhaíonn SQA cáilíocht na marcála uile.

### Advanced Higher English Course Specification

Tá cuspóir agus aidhmeanna an Advanced Higher English Course (SQA 2023) cosúil leis an Ardchúrsa, agus cuireann na scileanna leis na scileann a éascaíodh leis an gcúrsa roimhe sin. Leis an tsonraíocht léirítear an cháilíocht sna téarmaí seo:

> *The course provides a clear progressive pathway for candidates who wish to go on to study English literature, language or other disciplines in further and higher education. Through the acquisition of a set of advanced communication skills, the course offers a link to many vocational settings, for example writing, teaching, research, publishing, journalism, law, marketing, media, industry, commerce, public relations, cultural and public service industries. [Leis an gcúrsa soláthraítear conair chéimnitheach shoiléir d'iarrthóirí ar mian leo leanúint ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh ar litríocht an Bhéarla, ar an teanga nó ar dhisciplíní eile sa bhreisoideachas nó san ardoideachas. Trí thacar ardscileanna cumarsáide a fháil, tairgeann an cúrsa tnasc chuig roinnt mhaith suíomhanna gairme, mar shampla scríbhneoireacht, teagasc, taighde, foilsitheoireacht, iriseoireacht, dlí, margaíocht, na meáin, tionscal, tráchtáil, caidreamh poiblí, an earnáil seirbhísí chultúrtha agus phoiblí.] (SQA Advanced Higher English Course, 2023, lch. 3.)*

### Measúnú

Is ann do dhá pháipéar scrúdaithe: Staidéar Liteartha agus Anailís Théacsúil Is éard atá sa mheasúnú cúrsa scríbhneoireacht phunainne lena ndéantar measúnú ar fhianaise ar scileanna na n-iarrthóirí sa scríbhneoireacht i seánra amháin, agus Tráchtas Tionscadail. Leis na treoirlínte déantar cur síos ar an Tráchtas Tionscadail mar mheasúnú a dhéanamh ar léitheoireacht neamhspleách na n-iarrthóirí ar litríocht chasta agus shofaisticiúil. Soláthraíonn sé fianaise ar scileanna na n-iarrthóirí in anailís chriticiúil, meastóireacht, imscrúdú agus scríbhneoireacht. Trí chéim atá sa tráchtas: pleanáil, taighde agus forbairt, agus scríbhneoireacht. Ó thaobh na pleanála i gcéim a haon de, tá coinne leis go roghnóidh iarrthóirí téacsanna iomchuí agus go gceapfaidh siad cúram tráchtais beacht atá dírithe ar ghné den litríocht. Le haghaidh chéim a dó, taighde agus forbairt, ba cheart do na hiarrthóirí iniúchadh agus taighde a dhéanamh ar ábhair ábhartha agus na

foinsí uile a ndeachthas i gcomhairle leo a thaifeadadh. Is éard atá i gceist le céim a trí, scríbhneoireacht lena mbaineann machnamh, athdhréachtú agus profléitheoireacht a dhéanamh ar an tráchtas sula gcuirtear isteach ar deireadh é. Ní mór téacsanna roghnaithe na n-iarrthóirí don tráchtas a bheith liteartha, agus gan bheith múinte. Ní féidir scríbhneoirí ná téacsanna ar a ndearnadh staidéar sa tráchtas a úsáid sa pháipéar ceiste ar an Staidéar Liteartha. Mar a dhéantar i gcás na scríbhneoireachta punainne don Ardchúrsa, cuirtear an tráchtas faoi bhráid SQA lena mharcáil.

## An Astráil – New South Wales

San Astráil tá an Béarla éigeantach don scoláire suas le 18 mbliana d'aois ach bíonn scrúdú deiridh difriúil ag gach stát agus mar sin leanann an curaclam ón mBonnleibhéal go dtí Bliain 10 agus ansin bíonn cuid bhreise ann le haghaidh na mblianta sinsearacha 11 agus 12. Ní mór do gach stát an curaclam a leanúint sa mhéid go mbíonn riachtanas an stáit faoi scáth éilimh churaclam na hAstráile. Mar sin féin, bíonn léirmhíniú beagán difriúil ag gach stát ar an gcuraclam náisiúnta. Sa roinn seo den pháipéar dírítear ar an mBéarla do bhliain 11 agus bliain 12 in New South Wales. (Marshall 2023 lch. 8)

Tá an Béarla don tsraith shinsearach ar fáil ar Ghnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Is féidir leis an scoláire ar Ardleibhéal cúrsaí forleathnúcháin a dhéanamh freisin (Údarás um Chaighdeáin Oideachais NSW). Is ann do shonraíochtaí do Staidéir an Bhéarla, agus an Béarla EAL/D ar cúrsaí teanga iad lena mbaineann gnéithe idirchultúrtha agus gairme. Déantar measúnú scoilbhunaithe le linn bhlianta 11 agus 12. I ndeireadh bhliain 12 féadfaidh an scoláire na scrúduithe ar fud an stáit don Teastas Ardscoile a dhéanamh. Tugann Marshall (CNCM 2023) an méid seo faoi deara: 'Is éard atá i gceist le TA 50% scrúdú agus 50% obair chúrsa scoilbhunaithe. Déanann grúpaí scoileanna modhnóireacht ar an obair chúrsa i dteannta a chéile. Ábhar suntais is ea é go ndéantar modhnóireacht ar thoradh an scrúdaithe de réir na hoibre cúrsa má mharcáiltear an obair chúrsa níos airde ná an scrúdú.'

## An Astráil – Queensland

In Queensland, is éard atá i siollabas d'ábhar sinsearach, 'léarscáil oifigiúil' d'ábhar scoile sinsearach. Is éard is feidhm do shiollabas tacú le scoileanna córas Theastas Oideachais Queensland (QCE) a sholáthar trí churaclam agus measúnú ardcháilíochta agus ardchothromais. (QCAA 2024 lch 1) Tá limistéar foghlama Béarla QCAA comhdhéanta de chúig ábhar meánscoile shinsearacha: Béarla Bunriachtanach, Béarla, Litríocht, Béarla agus Forleathnú Litríochta, agus Béarla mar Theanga Bhreise. Tá gnéithe comhchoiteanna á roinnt ag na hábhair sin lena n-áirítear forbairt leanúnach eolas, thuiscint agus scileanna an scoláire in éisteacht, labhairt, léitheoireacht, léiriú, dearadh agus scríbhneoireacht. Baineann difríochtaí idir na hábhair leis an mbéim ar conas a fhorbraítear teanga agus scileanna agus na comhthéacsanna ina gcuirtear i bhfeidhm iad. (QCAA 2024 lch. 2)

Sa roinn seo den tuarascáil dírítear ar an English General Senior Syllabus(2024). Úsáideann múinteoirí an siollabas chun curaclam a fhorbairt dá gcomhthéacs scoile. Le cúrsa staidéir an téarma déantar cur síos ar an gcuraclam agus an measúnú uathúil a bpléann an scoláire leo i ngach comhthéacs scoile. Tá cúrsa staidéir ina thoradh ar shraith cinntí a dhéanann scoil chun ábhar a roghnú, a eagrú agus a chomhthéacsú, foghlaim chomhlántach agus thábhachtach a chomhtháthú, agus tascanna measúnaithe a chruthú i gcomhréir le sonraíochtaí siollabais. Moltar leis an siollabas go ndearfar gach cúrsa staidéir ar bhealach a fhágfaidh go ndéanfar gníomhaíochtaí teagaisc, foghlama agus measúnaithe a chomhtháthú agus a bheochan i suíomh barántúil. Tá ceithre aonad

atá forbartha ag QCAA sa siollabas, agus am teagaisc, foghlama agus measúnaithe measta 55 uair an chloig ag gach ceann acu, óna bhforbraíonn scoileanna a gcúrsa staidéir, lena n-áirítear roghanna oscailte téacsanna d'aonad 1 agus aonad 2, agus téacsanna ó liosta fairsing atá leagtha síos d'aonad 3 agus aonad 4. Faoi threoir an lámhleabhair beartais agus nósanna imeachta ábhartha, dearann agus déanann scoileanna tascanna measúnaithe do gach aonad. Deiseanna chun scileanna comhlántacha a fhorbairt (litearthacht, uimhearthacht agus scileanna an 21ú haois), bhí siad fite fuaite ar fud ábhar an aonaid. Déantar cur síos ar scileanna an 21ú haois mar: 'na tréithe agus na scileanna a bhfuil gá ag an scoláire leo chun iad a ullmhú don ardoideachas, don obair agus do rannpháirtíocht i saol atá casta agus ag athrú go tapa. Ar na scileanna sin áirítear smaointeoireacht chriticiúil, smaointeoireacht chruthaitheach, cumarsáid, comhoibriú agus obair foirne, scileanna pearsanta agus sóisialta, agus litearthacht dhigiteach.' (QCAA 2024 lch. 7)

Tá creat oideolaíoch agus coincheapúil don Bhéarla leagtha amach mar a leanas:

> *Education in the discipline of English offers students ways of thinking about, creating and engaging with texts, and how they represent the world and human experience. The framework for the subject's interrelated objectives is informed by an understanding of the relationships between language, text, purpose, context and audience, and how these relationships shape meaning and perspectives. [Leis an oideachas i ndisciplín an Bhéarla tairgtear bealaí don scoláire chun smaoineamh faoi théacsanna a chruthú agus conas plé leo, agus faoin gcaoi a léirítear an saol agus eispéireas an duine leo. Le tuiscint ar na caidrimh idir teanga, téacs, cuspóir, comhthéacs agus lucht spéise, agus conas a mhúnlaíonn na caidrimh sin an bhrí agus dearcthaí, cuirtear bonn eolais faoin gcreat le haghaidh chuspóirí idirghaolmhara an ábhair.]*

Pléann an scoláire ar bhealach criticiúil agus cruthaitheach le réimse téacsanna, agus aird á tabhairt ar na bealaí:

- inarb amhlaidh leis an teanga agus le roghanna struchtúracha a mhúnlaítear peirspictíochtaí chun éifeachtaí ar leith a bhaint amach
- ina léirítear smaointe, dearcthaí agus peirspictíochtaí i dtéacsanna, agus éifeachtaí na léiriúchán sin ar léitheoirí, breathnóirí agus éisteoirí
- ina múnlaítear bríonna i dtéacsanna le cuspóir, comhthéacsanna cultúrtha agus staideanna sóisialta
- ina suitear léitheoirí, breathnóirí agus éisteoirí le téacsanna.

> *All senior secondary English subjects aim to develop students' critical and creative thinking, both independently and collaboratively, and their capacity to understand and contest complex and challenging ideas in order to form their own interpretations and perspectives, and to understand the interpretations and perspectives of others. [Tá sé d'aidhm ag gach ábhar Béarla meánscoile sinsearaí smaointeoireacht chriticiúil agus chruthaitheach an scoláire a fhorbairt, go neamhspleách agus go comhoibríoch araon, mar aon lena chumas chun smaointe casta agus dúshlánacha a thuiscint agus dul ina gcoinne chun a léirmhínithe agus a pheirspictíochtaí féin a aimsiú, agus chun léirmhínithe agus peirspictíochtaí daoine eile a thuiscint.] (QCAA, 2024, lch. 8.)*

**Measúnú**

Tá traidisiún fada ag Queensland de mheasúnú scoilbhunaithe, rud a thug sé isteach don tsraith

shinsearach sna 1970idí; cheap múinteoirí na hionstraimí measúnaithe agus rinne siad breithiúnais faoi ghnóthachtáil an scoláire. Mar sin féin, thosaigh an córas QCE reatha in 2019. Forbraíodh an córas nua mar fhreagairt ar athbhreithniú neamhspleách ar mheasúnú sinsearach agus iontráil tríú leibhéal, agus mar fhreagairt ar ghlao ó mhúinteoirí agus tuismitheoirí a d'iarr níos mó trédhearcachta maidir leis an áit as a dtagann marcanna an scoláire. Áirítear sna croí-chomhpháirteanna dá chuid cur chuige nua i leith measúnú sinsearach, agus measúnú scoilbhunaithe á chomhcheangal le measúnú seachtrach, rud a dhéanann Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland a leagan síos agus a mharcáil.

Leis an gcuraclam don Bhéarla éilítear ceithre mheasúnú atá ceangailte le haonaid an tsiollabais:

- Measúnú inmheánach 1: Freagairt áititheach labhartha (25%)
- Measúnú inmheánach 2: Freagairt scríofa do lucht spéise poiblí (25%)
- Measúnú inmheánach 3: Scrúdú — freagairt níos faide (25%)
- Measúnú seachtrach: Scrúdú — freagairt níos faide (25%).

Déanann QCAA measúnú seachtrach a fhorbairt agus a mharcáil. Tá an measúnú seachtrach i mBéarla coitianta do na scoileanna uile agus riartar é faoi na dálaí céanna, an tráth céanna, an lá céanna.

## Achoimre Roinne

- Murab ionann is siollabas Béarla agus litríochta na hÉireann, tairgeann roinnt mhaith dlínsí Eorpacha
agus idirnáisiúnta sonraíochtaí ar leith don teanga agus don litríocht.

- Tá formhór na sonraíochtaí curaclaim a scrúdaítear ar fud na ndlínsí cosúil le Béarla na hArdteistiméireachta ó thaobh bhunús, aidhmeanna agus struchtúr an chúrsa de.

- Maidir le cuir chuige i leith measúnú suimitheach, ó thaobh na cothromaíochta idir measúnú seachtrach agus scoilbhunaithe de, bíonn siad éagsúil go leor ar fud na ndlínsí, ach úsáideann na dlínsí uile meascán de scrúduithe agus comhpháirteanna measúnaithe breise.

# 6. Saincheisteanna le breithniú

Sa roinn seo leagtar amach roinnt mhaith saincheisteanna le breithniú a dhéanamh orthu san fhorbairt ar shonraíocht churaclaim nua do Bhéarla na hArdteistiméireachta. Eascraíonn siad as cineál an ábhair féin, agus tionchar an athraithe shóisialta, chultúrtha agus theicneolaíoch inár saol, na héilimh litearthachta ar an scoláire óg atá ag dul i méid i gcónaí, agus éagsúlacht ár sochaí agus ár seomraí ranga, i dteannta tarraingt ar théamaí a tháinig chun cinn sna ranna thuas den cháipéis eolais seo.

## Raon feidhme agus struchtúr na sonraíochta

Mar a thugtar faoi deara i Roinn 2 den tuarascáil seo, is féidir méid agus raon na sonraíochta don Bhéarla a bheith ina gcúis le roinnt díospóireachta mar gheall, ar thaobh amháin, ar fhorbairt scileanna teanga neamhshrianta ina croílár agus ar chineál na rannpháirtíochta oscailte le téacsanna liteartha ar an taobh eile. Leis an aiseolas ó mhúinteoirí agus scoláirí i Roinn 3 den cháipéis seo tarraingítear aird ar fhairsinge agus méid an chúrsa, rudaí atá ar an dúshlán is mó dá chuid. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar ábhar an chúrsa ó thaobh na dtéacsanna liteartha a éilítear le staidéar a dhéanamh orthu (dráma, ficsean agus filíocht mar shampla) agus ar an staidéar comparáideach ar théacsanna a chur san áireamh. Is é an moladh ó na múinteoirí a taifeadadh i Roinn 3 go ndéanfaí athbhreithniú agus athnuachan ar na modhanna comparáideacha.

Agus ceisteanna méide agus raoin á mbreithniú, is fiú breithniú a dhéanamh ar éileamh coibhneasta na sonraíochta don scoláire ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal. Tríd is tríd, bhí múinteoirí i bhfócasghrúpaí na scoile den tuairim gur fhág méid an chúrsa ar Ghnáthleibhéal go raibh raon níos mó ann chun na téacsanna liteartha a fhiosrú. Mar sin féin, ionas go bhféadfaidh scoláirí, a bhfuil cumais éagsúla agus leibhéil teanga éagsúla acu, plé leis an gcuraclam ar bhealach fiúntach, is iomchuí a fhiafraí cé acu, go háirithe i dtéarmaí ábhar agus mheasúnú an chúrsa, ar cheart nó nár cheart sonraíocht ar Ghnáthleibhéal a bheith chomh cosúil sin le sonraíocht ar Ardleibhéal.

Beidh gá athbhreithniú a dhéanamh ar an siollabas i ndáil lena leanúnachas le foghlaim i mBéarla na Sraithe Sóisearaí, rud atá struchtúrtha faoi threoir Snáitheanna agus Torthaí, mar atá i gceist le Curaclam Teanga na Bunscoile. Go háirithe, na coincheapa uileghabhálacha de Thuiscint agus Cumadóireacht, an bhéim ar staidéar teanga ar chúig chatagóir (a admhaítear sa siollabas gur tógán saorga é sin, cuid 2.5) agus líon na dtorthaí foghlama gaolmhara, is gá athbhreithniú a dhéanamh orthu sin i gcomhthéacs Fhoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim d'ábhair agus modúil i Sraith Shinsearach athfhorbartha (CNCM, 2023). Leis an gcuid sin den athbhreithniú cinnteofar go mbeidh tréithe Phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí fite fuaite i dtorthaí foghlama na sonraíochta.

## Litearthacht agus uimhearthacht

Beidh creat CNCM, *Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach (Dréacht)* (CNCM 2023), ina phríomhacmhainn chun breithniú a dhéanamh ar ghnéithe na litearthachta agus na huimhearthachta sa tsonraíocht athfhorbartha. Tá na tréithe a bhaineann le Smaointeoireacht agus Fadhbanna a Réiteach, Cumarsáid, Rannpháirtíocht sa tSochaí agus Foghlaim a Bhainistiú agus Féinbhainistiú ábhartha go follasach maidir leis sin.

Le siollabas Bhéarla na hArdteistiméireachta 1999 tugtar tosaíocht don sprioc a bhaineann le

tacú le foghlaimeoirí 'chun éirí liteartha sa tsochaí nua-aimseartha'. Tá réimse mearbhlach foirmeacha agus stíleanna teanga dúshlánach ag an scoláire inniu, laistigh agus lasmuigh den scoil araon. Chuige sin, leis an siollabas glactar cur chuige iomlánaíoch agus comhtháite arb é is aidhm dó an méid seo a leanas a fhorbairt sa scoláire: 'inniúlacht aibí agus chriticiúil chun é a ullmhú do fhreagrachtaí agus dúshláin an tsaoil aosaigh i ngach comhthéacs'. Cé gur tugadh soiléiriú sna *Dréacht-Treoirlínte do Mhúinteoirí* (CNCM, 1999), tá sé tábhachtach go mbeifí soiléir faoi théarmaíocht i sonraíocht churaclaim athfhorbartha maidir leis sin. Leis na *Treoirlínte* tugtar aghaidh ar an tsaincheist trí aird a tharraingt ar an difear idir criticiúlacht i staidéar liteartha agus litearthacht chriticiúil dá réir:

> *Developing students' ability to think critically has always been central to literary study at Leaving Certificate level. Critical literacy is a development of that traditional emphasis and an enlargement of its scope. [Is é a bhí lárnach riamh maidir le staidéar liteartha ar leibhéal na hArdteistiméireachta inniúlacht an scoláire a fhorbairt chun bheith ag smaoineamh go criticiúil. Is éard atá i gceist le litearthacht chriticiúil forbairt ar an mbéim thraidisiúnta sin agus méadú ar a raon.] (ROS 1999 lch. 18)*

Ceanglaíonn sé an méadú sin ar an raon le téarmaí amhail: toimhdí a cheistiú; an bealach a ndéantar eispéireas a léiriú agus a mhúnlú le téacsanna a chinneadh; roghanna malartacha a fhiosrú; sceipteachas a fhorbairt i ndáil le ráitis dhaingne agus ghinearálta. Tacaítear leis an bpeirspictíocht sin i dtuarascáil an Phríomhscrúdaitheora do 2013 dá dtagraítear i Roinn 3, ina spreagtar múinteoirí chun deiseanna a thairgtear le siollabas an Bhéarla a lorg chun scileanna smaointeoireachta criticiúla agus litearthacht chriticiúil an scoláire a fhorbairt, ionas gur féidir leis bailíocht na smaointe a chuirtear i láthair i dtéacsanna a mheasúnú agus a cheistiú agus teacht ar thuairimí neamhspleácha ar bhealach níos muiníní.

Áitíonn Cahill (2023) maidir le guthanna criticiúla a fhorbairt i measc scoláirí iar-bhunscoile 'nach raibh an méid sin riamh níos ábhartha de réir mar a dhéanann ár bpáistí a mbealach feadh rírá faisnéise arb é is cúis leis *bréagnuacht* agus cultúr tomhaltais atá imithe chomh fada sin go bhfuil baol ann go n-ídeoimid muid féin!' Is tráthúil athbhreithniú a dhéanamh ar an ngné sin den tsonraíocht i bhfianaise an ghealltanais i bPlean Straitéiseach CNCM 2022-2025 maidir leis an méid seo a leanas a chinntiú i dtaobh daoine óga: 'go bhforbróidh siad mar ghníomhaithe freagracha, athléimneacha agus comhbhácha don cheartas sóisialta, gníomhú ar son na haeráide, inbhuanaitheacht agus comhionannas'. (CNCM, 2022)

I dteannta an mhachnaimh nach mór a dhéanamh ar éagsúlacht mhearbhlach na bhfoirmeacha litearthachta lena spreagtar agus lena ngríosaítear ár bhfoghlaimeoirí óga agus lena gcuirtear dúshlán fúthu, beidh ar an meitheal forbartha a bheith ar an eolas faoi na peirspictíochtaí a thairgtear leis an *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027* de chuid na Roinne Oideachais (RO 2022) lena léirítear 'aidhm fhoriomlán go mbeidh an teicneolaíocht dhigiteach ina cuid lárnach de theagasc, foghlaim agus measúnú i ngach seomra ranga agus i ngach ábhar.' Thairis sin, le tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora don Bhéarla (CSS, 2013), cuirtear béim ar an ngá atá le cur chuige próisis a chothú i leith na scríbhneoireachta agus moltar aird a thabhairt ar fhorbairt na hamharclitearthachta mar thaca leis an 'léitheoireacht' ghrinn ar íomhánna físiúla. Leis an obair forbartha ba cheart aird bhreithiúnach a thabhairt freisin ar an straitéis nua maidir le litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht dhigiteach, rud atá á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Oideachais.

## Measúnú

Leis an athfhorbairt ar an tsraith shinsearach tabharfar isteach comhpháirt mheasúnaithe bhreise

(CMB), a sheasfaidh d'ualach íosta 40%, i ngach ábhar den tsraith shinsearach. Le tabhairt isteach CMB tairgtear an fhéidearthacht de mheasúnú a dhéanamh ar réimse scileanna nach féidir a mheasúnú go leormhaith trí fhormáid thraidisiúnta an scrúdpháipéir scríofa. Athrú suntasach a bheidh ann sin do Bhéarla na hArdteistiméireachta, agus ceisteanna á n-ardú atá ábhartha maidir le saincheisteanna dá ndéantar tagairt sa cháipéis eolais seo agus pointí fócais á moladh le breithniú a dhéanamh orthu le linn an phróisis forbartha, lena n-áirítear:

Ó thaobh dhearadh CMB de, cé acu ar cheart nó nár cheart é a bheith ina imeacht measúnaithe aonair nó ina réimse imeachtaí le himeacht aimsire; cé acu a d'fhéadfaí nó nach bhféadfaí MRBanna Bhéarla na Sraithe Sóisearaí a léiriú nó a leathnú leis; cé acu ar cheart nó nár cheart díriú ar réimse suntasach den chúrsa litríochta leis (amhail an Staidéar Comparáideach) agus é á aistriú ar an mbealach sin ón halla scrúdaithe isteach sa seomra ranga; cé acu ar cheart nó nár cheart é a bheith dírithe ar theanga ar fhorbairt teanga ar bhealach níos leithne, agus léiriú á spreagadh i roinnt mhaith modúlachtaí nó i réimse modúlachtaí srl.,

- Conas is féidir tosaíocht a thabhairt le CMB do ghné fhoirmitheach an mheasúnaithe mar fhoghlaim agus don fhoghlaim, agus tacaíocht á tabhairt ar an mbealach sin do phríomhinniúlachtaí churaclam na sraithe sinsearaí, agus tacaíocht á fáil uathu
- Cén tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag CMB a bheith ann, agus ag a chineál ar cheapadh scrúduithe scríofa

Cén tionchar is dócha a bheidh ag CMB ar an méid seo: fairsinge agus méid (braite nó iarbhír) Bhéarla na hArdteistiméireachta, go háirithe maidir le huainiú imeachtaí measúnaithe; rithimí an teagaisc agus na foghlama ar feadh an dá bhliain de Bhéarla na hArdteistiméireachta; pleananna chun an t-ualach measúnaithe a leathadh agus ar an mbealach sin an brú a chuirtear ar an scoláire sa 6ú bliain a mhaolú.

Tá socruithe le haghaidh measúnú suimitheach le scrúdú scríofa ábhartha freisin i ndáil le raon agus fairsinge na sonraíochta. Ina hathbhreithniú ar an measúnú, ba cheart don mheitheal forbartha a chur san áireamh tionchar feabhsúcháin na rogha ceistiúcháin níos leithne ar an litríocht a tairgeadh trí na socruithe measúnaithe athraithe le linn phaindéim COVID-19. (Cé go n-aithnítear gurbh é a d'fhéadfadh teacht as na socruithe athraithe sin eispéireas oideachasúil níos cúinge sa Bhéarla do na scoláirí lena mbaineann ós rud é gur laghdaíodh, d'aon ghnó, líon na dtéacsanna ar a ndearadh staidéar.

Ar deireadh, is éard atá mar sprioc bheartaithe shiollabas Bhéarla na hArdteistiméireachta iomláine eispéiris trí chomhtháthú na teanga agus na litríochta. Leis an athbhreithniú ba cheart breithniú a dhéanamh ar a oiread agus a d'fhéadfadh ilroinnt eispéiris d'fhoghlaimeoirí ar feadh an dá bhliain den chúrsa teacht as socruithe measúnaithe athbhreithnithe agus conas is féidir aon ilroinnt den sórt sin a íoslaghdú.

## Leanúnachas, dul chun cinn agus tacaíocht

Le linn na hathfhorbartha sin, is gá ceisteanna amhail na ceisteanna seo a leanas a bhreithniú:

- conas a chuirfear an tsonraíocht don Bhéarla in iúl leis an tsonraíocht do Dhráma, Scannánaíocht agus Léann na hAmharclannaíochta?
- conas a chuirfear an tsonraíocht in iúl leis an ráiteas cláir athbhreithnithe don Idirbhliain?

- Conas a chuirfear an tsonraíocht in iúl le sonraíocht Bhéarla na Sraithe Sóisearaí?
- Cé na tacaíochtaí is gá i bhfianaise an tionchair atá ag príomhinniúlachtaí ar an oideolaíocht?

## Samhail na treorach téacs

Is éard atá ina ghné bhunriachtanach de chúrsaí i mBéarla rannpháirtíocht le téacsanna liteartha agus neamhliteartha ar fud réimse leathan seánraí. Mar a dhéantar cur síos air i Roinn 4 den cháipéis seo, ar bhonn idirnáisiúnta is ann do réimse samhlacha de mholadh téacs agus/nó treoir théacs mar thaca le rogha an mhúinteora agus an scoláire. Faoi láthair, le Béarla na hArdteistiméireachta úsáidtear samhail de threoir rollach de théacsanna liteartha (dráma, ficsean, filíocht, scannán, agus insintí neamhfhicsin) a bhfuil sé d'aidhm aici léitheoireacht leathan a chur chun cinn agus lena n-éascaítear leanúnachas agus athrú araon. Rud atá íorónta, leis an athbhreithniú a rinne CNCM le déanaí, *Téacsanna a Leagan Síos* (CNCM, 2023), tarraingítear aird ar an dóchúlacht nach aon ráthaíocht ar léitheoireacht ná staidéar leathan agus éagsúil ann féin é soláthar liostaí leathana agus éagsúla de théacsanna atá leagtha síos. Léiríodh an chruacheist sin i dtuairimí cuid de na múinteoirí i bhfócasghrúpaí na scoile: Ó thaobh cleachtaidh de, is fuath liom nuair a chuirtear téacsanna ar ceal go tapa. Is iontach an rud é athshúil a thabhairt ar fhile nó téacs arís.' (Múinteoir, fócasghrúpa). Le hathfhorbairt Bhéarla na hArdteistiméireachta tugtar deis chun an tsamhail de threoir théacs a bhreithniú faoi threoir cuid díobh seo a leanas:

An méadófaí toilteanas an mhúinteora chun am a infheistiú in ullmhúchán chun téacsanna coimhthíocha a mhúineadh dá mbeadh leibhéal níos mó leanúnachais téacs ann?
An dtacódh an leanúnachas sin leis an scoláire chun eispéireas níos saibhre a bheith aige ar phlé a dhéanamh le réimse níos leithne téacsanna?
An bhfágfadh ráta níos moille athraithe go laghdófaí braistint an mhúinteora maidir le méid agus fairsinge an chúrsa? Dá laghdófaí an ráta athraithe téacs, an n-éascófaí soláthar ábhar acmhainní breise?

## An Béarla – teanga i measc teangacha

Le *Report of the Board of Studies for Languages* (BCS 1987), doiciméad ceannródaíoch lenar cuireadh eolas ar fáil d'fhorbairt shiollabais an Bhéarla don Teastas Sóisearach (1989) agus do Bhéarla na hArdteistiméireachta (1999), áitítear gur 'cheart an teanga a bheith ina príomhréimse curaclaim, agus gur cheart an caidreamh idir foghlaim na chéad teanga, an dara teanga agus teanga iasachta a dhéanamh soiléir ní hamháin sa churaclam ach sa chleachtas sa seomra ranga freisin.' (Rud a luaitear in Little, D., CNCM 2003). Thairis sin, sa scoil ina bhfuil an Béarla mar an teanga theagaisc, tá gné thraschuraclaim aige, rud is cúis le ceisteanna amhail: cé mhéad agus conas a chuidíonn an Béarla le foghlaim teanga do na hábhair uile, agus, an bhfuil múinteoirí na n-ábhar uile ina múinteoirí Béarla freisin?

Sna 25 bliana ó shiollabas 1999, d'éirigh Éire agus a scoileanna ina n-áiteanna ina bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus teanga i bhfad níos saibhre, agus ós rud é gurb amhlaidh atá tagann ceisteanna chun cinn ar leibhéal an bheartais teanga agus sholáthar an churaclaim. Leis an athbhreithniú ar threochtaí idirnáisiúnta i Roinn 4 den cháipéis seo léirítear go n-áiríonn Tuaisceart Éireann sonraíocht don Bhéarla go leibhéal TGM, go dtairgeann Sasana sonraíocht don Bhéarla (sonraíocht don teangeolaíocht, i ndáiríre) go leibhéal TGO, go soláthraíonn Albain cáilíocht ag N2 sa Bhéarla agus sa Chumarsáid, agus go dtairgeann New South Wales agus Queensland araon cúrsaí sa Bhéarla mar Theanga Bhreise le haghaidh na meánscoile sinsearaí.

Leis an léargas ón roinn den cháipéis seo a bhaineann le cuairteanna scoile tugtar faoi deara gur bhraith múinteoirí scoláirí nárbh é an Béarla a gcéad theanga go bhféadfadh an athfhorbairt sin a bheith ina ham maith chun tosú ar an obair ar shonraíocht an Bhéarla. Sa chomhthéacs sin, d'fhéadfadh sé go mbreithneofaí, le linn na hathfhorbartha níos leithne ar an tsraith shinsearach, áit an Bhéarla i ndáil le foghlaim teanga go ginearálta.

> *In keeping with its conception of "language" as a curriculum area and its concern to do justice to language's communicative function, the Board of Studies for Languages emphasised the importance of developing students' listening and speaking skills in all language subjects. …However, students continue to be assessed by written examinations only, which leaves teachers of English with little incentive to develop, for example, their students' oral presentation skills [I gcomhréir lena thuairim ar 'teanga' mar réimse curaclaim agus lena chúram chun an ceart a dhéanamh d'fheidhm chumarsáideach na teanga, chuir an Bord Staidéar do Theangacha béim ar an tábhacht a bhaineann le scileanna éisteachta agus labhartha an scoláire a fhorbairt i ngach ábhar teanga…Mar sin féin, leantar de mheasúnú a dhéanamh ar an scoláire trí scrúduithe scríofa amháin, rud a fhágann gur beag ugach a bhíonn ar mhúinteoirí Béarla chun scileanna cur i láthair béil an scoláire a fhorbairt, mar shampla]. (CNCM 2003 lch. 8)*

Leis an sliocht sin léirítear an bhéim ar an teanga ó bhéal sa tsonraíocht do Bhéarla na Sraithe Sóisearaí agus tabhairt isteach MRB don Chumarsáid ó Bhéal. Leis an athfhorbairt ar Bhéarla na hArdteistiméireachta ba cheart breithniú a dhéanamh ar an luach a bhaineann le hatreoshuíomh den sórt sin ó thaobh scileanna teanga inaistrithe de, go háirithe i bhfianaise phríomhinniúlacht na Cumarsáide, rud is féidir a bheith ina cuidiú don scoláire agus do mhúinteoirí naisc fhiúntacha a dhéanamh idir réimsí foghlama difriúla agus ar fud na réimsí sin.

## Achoimre Roinne

- Leanúnachas le Béarla na Sraithe Sóisearaí, lena n-áirítear samhail na treorach téacs, fairsinge agus raon na sonraíochtaí i gcuraclam solúbtha a d'fhéadfadh a bheith modúlach, is gá breithniú a dhéanamh air sin.
- Socruithe measúnaithe athbhreithnithe, go háirithe tabhairt isteach comhpháirte measúnaithe breise, is gá breithniú a dhéanamh orthu sin go cúramach i dtéarmaí an tionchair fhéideartha ar thaithí daoine óga ar an mBéarla
- Is gá breithniú freisin ar acmhainní a chur ar fail, ar threoirlínte agus ar thacaíocht do FGL an mhúinteora.

# 7. Treoir don athbhreithniú ar Bhéarla na hArdteistiméireachta

Bhunaigh CNCM meitheal forbartha chun tabhairt faoin gcúram a bhaineann le sonraíocht an churaclaim a athfhorbairt do Bhéarla na hArdteistiméireachta. I dtéarmaí ginearálta, comhaontaíonn Bord CNCM don tSraith Shinsearach obair na Meithle Forbartha agus formheasann an Chomhairle í i bhfoirm na treorach a leagtar amach thíos.

Tá an treoir deartha chun bonn a sholáthar ar mhaithe le sonraíocht churaclaim Bhéarla na hArdteistiméireachta a athfhorbairt. Cé go n-eascraíonn an treoir ón bpríomhléargas agus na príomh-shaincheisteanna atá le breithniú a sainaithníodh sna ranna roimhe seo den pháipéar eolais seo, faigheann sí treoir freisin ó na paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí d'ábhair uile Thráinse 2 (Aguisín 1).

Leis an athfhorbairt ar an tsonraíocht nua do Bhéarla na hArdteistiméireachta cuirfear san áireamh taighde agus forbairtí reatha i réimse an Bhéarla. Leanfaidh sí de bheith scoláire-lárnaithe agus bunaithe ar thorthaí agus i dtéarmaí ginearálta ba cheart an tsonraíocht a bheith ailínithe le leibhéal 4 agus leibhéal 5 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

Beidh an tsonraíocht ailínithe leis an teimpléad, atá comhaontaithe ag an gComhairle, le haghaidh sonraíochtaí curaclaim mar a leagtar amach i bhFoirm theicniúil na sonraíochtaí curaclaim le haghaidh ábhar agus modúl i sraith shinsearach athfhorbartha (CNCM 2023).

Beidh príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí fite fuaite sna torthaí foghlama. Beidh Béarla na hArdteistiméireachta ar fáil ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal araon. Beidh sé deartha lena mhúineadh agus lena mheasúnú in 180 uair an chloig ar a laghad. Cuirfear an fhorbairt i gcrích in R2, 2025.

Ar bhealach níos sonraí, leis an nuashonrú ar an tsonraíocht déanfar breithniú ar an méid seo a leanas agus tabharfar aghaidh air:

Conas a ailíníonn an tsonraíocht le treoirphrionsabail na sraithe sinsearaí agus leis an bhfís d'oideachas na sraithe sinsearaí.

Conas is féidir leis an tsonraíocht a bheith ina taca le leanúnachas agus dul chun cinn, lena n-áirítear conas nasc a dhéanamh le foghlaim ghaolmhar agus conas cur leis sin sa tsraith shóisearach, san Idirbhliain, agus in ábhair agus modúil eile den tsraith shinsearach, chomh maith le foghlaim amach anseo sa saol, i gcúrsaí staidéir, fiontraíochta, oideachais agus breisoiliúna, ardoideachais, printíseachtaí, tréimhsí oiliúna agus saol na hoibre.

An bunús atá le Béarla na hArdteistiméireachta, agus é á dhéanamh trédhearcach agus follasach don scoláire, do mhúinteoirí agus tuismitheoirí. Conas is féidir leis an tsonraíocht tacú le forbairt Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí agus forbairt réimse scileanna digiteacha atá ábhartha don saol, don obair agus staidéar amach anseo.

Conas is féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair agus ina réim theanga, a bheith scoláire-lárnaithe agus béim shoiléir aici ar conas a fhorbraíonn agus a léiríonn an scoláire a eolas, a

scileanna, a luachanna agus a mheonta.
Conas is féidir leis an tsonraíocht a bheith ina taca le litearthacht an scoláire ar fud réimse leathan comhthéacsanna.
Conas is féidir leis an tsonraíocht a bheith ina taca ag an scoláire chun meonta agus luachanna freagracha a fhorbairt i ndáil le saoránacht agus leis an tsochaí ach béim a chur ar a fhás pearsanta tríd an teanga agus trína rannpháirtíocht chriticiúil le saincheisteanna comhionannais agus ceartais shóisialta.
An measúnú ar Bhéarla na hArdteistiméireachta atá ailínithe leis na paraiméadair chun socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt sonraíochtaí le haghaidh na n-ábhar agus na modúl uile i dTráinse 2 (Aguisín 1).
An fhéidearthacht de chuidiú chun an brú ar an scoláire a laghdú nó a leathnú amach tríd an gcomhpháirt mheasúnaithe 40% a chur i gcrích i mbliain 1 den chúrsa.
Conas is féidir le CMB tacú le haosaigh óga ina bhfás pearsanta trí fhoghlaim teanga, déanta na fírinne, conas a d'fhéadfadh CMB a bheith ina thaca ag litearthacht lena n-áirítear litearthacht chriticiúil.
Conas is féidir le CMB a bheith ina thaca ag cumas gníomhúcháin múinteoirí agus scoláirí, agus conas is féidir an cumas sin a leathnú leis, agus roghanna á dtairiscint lena dtacaítear le hionchuimsitheacht an churaclaim agus a fhágáil gur féidir le scoláirí ina bhfuil inniúlachtaí éagsúla agus leibhéil teanga éagsúla plé, ar bhealach fóinteach, le tascanna ábhartha, le linn leanúint dá n-inniúlachtaí a fhorbairt an tráth céanna.
Conas is amhlaidh le tabhairt isteach comhpháirte measúnaithe breise is gá athbhreithniú níos ginearálta a dhéanamh ar riachtanais an chúrsa, agus b'fhéidir forbairt samhla difriúla de threoir théacs.
Conas is amhlaidh is féidir rannchuidiú, le hathrú ar an tsamhail de threoir théacs, le tionchar oideolaíoch na bpríomhinniúlachtaí ar fud an churaclaim.
Conas is féidir leis an tsonraíocht, ina cur i láthair, tacú le múinteoirí pleanáil a dhéanamh do theagasc, foghlaim agus measúnú.
Conas is féidir an teicneolaíocht a chuimsiú agus a leabú i dteagasc, foghlaim agus measúnú.

Beidh obair Mheitheal Forbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta bunaithe, ar an gcéad ásc, ar an Treoir seo. Le linn obair agus mhachnamh na Meithle Forbartha, féadfar tuilleadh mionsonraí roinnt de na pointí seo agus pointí eile a chur leis an bpáipéar treorach.

# Aguisín 1: Paraiméadair uileghabhálacha le haghaidh socruithe measúnaithe a dhearadh i bhforbairt na sonraíochtaí do gach ábhar i dTráinse 2.

**Achoimre fheidhmeach**

- D'fhógair an tAire Oideachais nuashonrú an 20 Meán Fómhair 2023 maidir leis an gcur chuige atá le glacadh le haghaidh sonraíochtaí ábhair nua agus athbhreithnithe a thabhairt isteach, lena n-áirítear conas a thabharfaí aghaidh ar mheasúnú sna sonraíochtaí sin. Go sonrach, beidh comhpháirt mheasúnaithe ag gach ábhar i dteannta an scrúdaithe scríofa deiridh.
- Seasfaidh an chomhpháirt mheasúnaithe sin do 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil.
- Aon scrúdú scríofa amháin a bheidh ag gach ábhar; go tipiciúil, beidh na marcanna don scrúdú scríofa cothrom le 60%.
- Go tipiciúil, ba cheart dhá chomhpháirt mheasúnaithe a bheith ann: Scrúdú scríofa amháin agus comhpháirt mheasúnaithe amháin eile. Mar sin féin, is féidir go mbeidh eisceachtaí air sin, eisceachtaí atá bailí fiú tar éis cuid mhór breithnithe a dhéanamh ar an ualach measúnaithe iomlán ar an scoláire.

**Réamhrá**

Leis an gcáipéis seo tugtar breac-chuntas ar shocruithe agus paraiméadair measúnaithe uileghabhálacha chun dearadh na sonraíochtaí a threorú le haghaidh gach ábhair/modúil i dTráinse 2. Seo a leanas na hábhair/na modúil atá i gceist:

- Cuntasaíocht
- Staidéar Foirgníochta
- Innealtóireacht
- Béarla
- Tíreolaíocht
- Nascmhodúil Ghairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)
- Corpoideachas

Le hobair leanúnach le hábhair i dTráinse 1 cuirtear bonn eolais faoin gcomhairle sin agus leasófar í, mar is iomchuí, do thráinsí amach anseo lena bhféadfar a limistéir ábhair agus a socruithe measúnaithe atá ann cheana a chur san áireamh.

Leis na socruithe a shonraítear anseo, léirítear an treo beartais atá eisithe ag an Aire Oideachais, is é sin, go mbeidh comhpháirt mheasúnaithe ag na hábhair uile, atá le bheith i bhfoirm seachas scrúdú scríofa traidisiúnta, go ndéanfaidh CSS na comhpháirteanna sin a leagan síos agus a mheasúnú agus leis sin gurb é a thiocfaidh as sin béim laghdaithe ar scrúduithe deiridh i mí an Mheithimh sa 6ú bliain.

Go sonrach, tá na socruithe do na comhpháirteanna measúnaithe uile ar a dtugtar breac-chuntas sa doiciméad seo leagtha amach ar bhonn an fhógra nó na bhfógraí ón Aire an 29 Márta 2022, agus ina dhiaidh sin an 20 Meán Fómhair 2023. Agus na tuiscintí seo a leanas mar bhonn taca leis na comhpháirteanna measúnaithe:

- ní bheidh siad i bhfoirm scrúduithe scríofa traidisiúnta.
- is é CSS a leagfaidh amach iad agus a mharcálfaidh iad.
- beidh siad faoi réir shocruithe CSS chun iad a chur i gcrích, a dheimhniú agus a chur isteach.

Agus na socruithe ar a dtugtar breac-chuntas thíos á bhforbairt, is amhlaidh atá an bunús seo a leanas lárnach chun dul i dtreo comhpháirt mheasúnaithe eile a bheith ag na hábhair uile. Cuirtear bonn eolais faoin mbunús sin le plé ar thaighde atá coimisiúnaithe ag CNCM agus CSS, agus ar an litríocht mheasúnaithe go ginearálta. Ón obair seo, is léir go bhféadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh leis na comhpháirteanna sin:

- **Spleáchas a laghdú** ar scrúduithe suimitheacha scríofa agus mar sin foráil a dhéanamh do **chóras measúnaithe níos leithne**; tá ról tábhachtach ag scrúduithe scríofa ach is féidir a mheas gur 'léargas' ar fhoghlaim atá iontu agus go bhféadfaí an iomad béime a chur ar ullmhú do scrúdaithe sa teagasc agus san fhoghlaim mar thoradh; le foirmeacha eile measúnaithe is féidir an fhéidearthacht chun an cúngú sin ar fhoghlaim a mhaolú trí ghnéithe d'fhoghlaim an scoláire a mheasúnú ar bhealach níos fearr agus/nó níos cuimsithí ná mar is féidir a dhéanamh le scrúduithe scríofa iontu féin; nó measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim nach bhfuil inmheasúnaithe go héasca trí scrúduithe scríofa.
- Tacú le tuiscint agus measúnú múinteoirí ar **phríomhinniúlachtaí**, agus an méid sin a fheabhsú, ach cuidiú le tuiscint níos fearr ar conas a dhéantar measúnú ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta an scoláire.
- Deiseanna a sholáthar don scoláire agus do mhúinteoirí chun **machnamh a dhéanamh ar fhoghlaim an scoláire,** borradh a chur faoi
  spreagadh an scoláire chun foghlaim agus deiseanna a fheabhsú le haghaidh cleachtais aiseolais fhoirmitheacha.
- Raon agus éagsúlacht deiseanna measúnaithe a leathnú; **an t-ualach measúnaithe a leathadh**
  agus dá réir sin cuidiú chun an brú ar an scoláire a laghdú nó a leathnú amach.
- **Scileanna measúnaithe agus litearthacht mheasúnaithe na múinteoirí** a chothú agus a fhorbairt de réir mar a thacaíonn múinteoirí leis an scoláire agus iad ag obair trí na gníomhaíochtaí measúnaithe a shonraítear i dtreoracha measúnaithe nó treoirlínte.
- Sonraí measúnaithe scoláirí a ghiniúint lenar féidir cuidiú le laghdú a dhéanamh ar leochaileacht an chórais i leith suaitheadh amach anseo ar an gcóras nach bhfacthas riamh cheana nó nach raibh coinne leis amhail COVID.
- Foráil a dhéanamh maidir le deiseanna measúnaithe atá níos **barántúla** ná córas a bhraitheann ar scrúduithe scríofa deiridh agus sin amháin.

Is den tábhacht a thabhairt faoi deara freisin go léirítear le hathbhreithniú ar an litríocht mheasúnaithe ar bhealach níos ginearálta gurb amhlaidh, agus comhpháirteanna measúnaithe eile á dtabhairt isteach, is gá breithniú a dhéanamh ar conas rioscaí maidir leis an méid seo a leanas, mar shampla, a mhaolú:

- rómheasúnú ar an scoláire
- róchleachtadh ar mheasúnaithe
- na measúnuithe a bheith struchtúrtha, roinnte ina gcodanna, atriallach, agus mar ghnáthnós, agus an méid sin i gceist ar bhealach iomarcach.
-

Mar is amhlaidh cheana i gcás ina bhfuil feidhm ag foirmeacha eile measúnaithe, beidh na socruithe measúnaithe nua faoi threoir phrionsabail uileghabhálacha an chothromais, na cothroime agus an ionracais.

Le Tábla 1 thíos leagtar amach na paraiméadair agus na próisis ghinearálta chun obair na meithleacha forbartha ábhair (SDGanna) a threorú de réir mar a bhreithníonn siad an measúnú is iomchuí do gach ábhar. Leagtar amach i dTábla 2 na paraiméadair shonracha do gach ceann de na hábhair i dTráinse 2.

**Tábla 1: Paraiméadair agus próisis mheasúnaithe – cur i bhfeidhm ginearálta maidir le hábhair thráinse 2**

| **Breithnithe** | **Paraiméadair chun obair na meithle forbartha a threorú.** |
|---|---|
| **Cineál** | Tabharfar breac-chuntas ar chuspóir agus cineál na comhpháirte measúnaithe go soiléir sa tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi chun<br>tacú le cur i gcrích an mheasúnaithe. Soláthrófar sonraí maidir le cineál na comhpháirte. Ar na samplaí atá ann tá:<br>• tionscadal taighde/aiste fhada<br>• measúnú ó bhéal<br>• measúnú feidhmíochta<br>• measúnú punainne<br>• cruthú déantáin<br>• staidéar allamuigh<br>• turgnamh/cruthúnas coincheapa/iniúchadh praiticiúil.<br><br>Leis an tsonraíocht ábhair agus na treoirlínte a ghabhann léi cuirfear in iúl go soiléir an méid a éilítear ar an scoláire a dhéanamh, an fhoirm nó na foirmeacha inar féidir é a dhéanamh agus a chur isteach, agus ionchais an ualaigh oibre a bhaineann leis an measúnú. Déanfar ailíniú na comhpháirte measúnaithe le tacar áirithe torthaí foghlama ón tsonraíocht ábhair a sholáthar, chomh maith le mionsonraí ar a ndéanfar measúnú ar phríomhinniúlachtaí agus torthaí foghlama gaolmhara. Ní chuirtear bac leis sin ar mheasúnú a bheith á dhéanamh ar na torthaí foghlama céanna sa scrúdú deiridh. |
| **Ualú** | Is fiú 40% ar a laghad de na marcanna iomlána atá ar fáil an measúnú comhpháirte i ngach ábhar. Beidh an rogha ann an t-ualach sin a bheith cothrom le 50% i gcás na Staidéar Foirgníochta, na hInnealtóireachta agus an Chorpoideachais, agus suas le 60% do Nascmhodúil GCAT. |
| **Am** | Tabharfaidh SDG comhairle maidir leis an tréimhse is gá chun an chomhpháirt mheasúnaithe a dhéanamh.<br><br>Cé gur féidir le SDG a mholadh cathain a fhéadfaidh sin tarlú, is gá an cinneadh deiridh a dhéanamh tar éis breithniú a dhéanamh ar an sceideal foriomlán de dhátaí críochnaithe do na measúnuithe uile ar fud na n-ábhar uile agus tabharfaidh CSS an méid sin chun críche i ndiaidh comhoibriú a dhéanamh le CNCM agus RO.<br><br>Foilseoidh CSS an dáta a bheidh an chomhpháirt mheasúnaithe le críochnú ag an scoláire agus ní chuirfear an mionsonra sin san áireamh sa tsonraíocht ábhair. |

| | |
|---|---|
| **Dearadh** | Is éard a bheidh mar thoradh ar fhormhór na gcomhpháirteanna measúnaithe go gcuirfear déantán/doiciméad faoi bhráid CSS agus go ndéanfaidh CSS measúnú air.<br><br>I gcásanna áirithe, de réir dhearadh an mheasúnaithe, is féidir go mbeidh ar scrúdaitheoirí cuairt a thabhairt ar scoileanna chun an measúnú a dhéanamh ach is gá inbhainistitheacht ar an leibhéal scoile agus córais a bhreithniú. |
| **Treoir** | Bainfidh treoirlínte chun tacú leis na comhpháirteanna measúnaithe go sonrach le gach ábhar. Déanfaidh CNCM agus CSS na treoirlínte sin a fhorbairt go<br>comhoibríoch. Déanfar eolas dóibh le pléití SDG agus an tsonraíocht á forbairt agus tabharfar mionsonraí iontu maidir leis an méid seo a leanas:<br>• cuspóir na comhpháirte lena mbaineann .i., a mbeartaítear a mheas léi.<br>• cineál na comhpháirte measúnaithe/na gníomhaíochta.<br>• tuairisceoirí ar cháilíocht i bhfoirm rúibric ghrádaithe agus mionsonraí faoi chaighdeáin mheasúnaithe ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal má mheastar gur gá de réir an mhodha measúnaithe.<br>• mionsonraí maidir le huainiú an mheasúnaithe (a fhad agus cathain a d'fhéadfadh sé tarlú).<br>• treoir ar na próisis a fhéadfar a úsáid chun an measúnú a riar. |

**Tábla 2: Paraiméadair maidir le socruithe measúnaithe do gach ábhar i dTráinse 2**

| Ábhar | Na socruithe reatha | Paraiméadair le haghaidh socruithe measúnaithe nua |
|---|---|---|
| **Cuntasaíocht** | Scrúdú scríofa amháin. (3 uair an chloig) | Scrúdú scríofa: Ualú 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú 40%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS bunaithe ar threoir chomónta. |

| | | |
|---|---|---|
| **Staidéir Foirgníochta** | Scrúdú scríofa (GL: 40%; AL: 50%) aon pháipéar amháin (GL: 2.5 uair an chloig;<br>AL: 3 uair an chloig)<br><br>Obair chúrsa (déantán agus punann) (GL: 30%; AL: 25%)<br>Tástáil ar scileanna praiticiúla (GL: 30%; AL: 25%)<br><br>Déantar scrúdú ar obair chúrsa agus ar obair phraiticiúil ar leibhéal comónta. Scrúdaítear an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus | Scrúdú scríofa: Ualú 50%.<br><br><br>Comhpháirt mheasúnaithe:<br>Ualú 50%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS bunaithe ar threoir chomónta. |
| **Innealtóireacht** | Scrúdú scríofa (GL: 40%; AL: 50%) aon pháipéar amháin (GL: 2.5 uair an chloig;<br>AL 3 uair an chloig)<br>Obair chúrsa (déantán agus punann) (GL: 30%; AL: 25%)<br>Tástáil ar scileanna praiticiúla (GL: 30%; AL: 25%)<br><br>Déantar measúnú ar obair chúrsa ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal.<br><br>Déantar an scrúdú ar scileanna praiticiúla ar leibhéal comónta. Scrúdaítear an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. | Scrúdú scríofa: Ualú 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe:<br>Ualú 50%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS bunaithe ar threoir chomónta. |
| **English** | Dhá pháipéar a bhfuil roinnt 50/50% eatarthu. Páipéar 1: Fócas ar aistí agus ar thuiscint ar an iomlán (2 uair go leith + 20 nóiméad d'am léitheoireachta).<br><br>Páipéar 2: Fócas ar fhilíocht agus litríocht (3 uair an chloig + 20 nóiméad d'am léitheoireachta). | Scrúdú scríofa: Ualú 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe:<br>Ualú 40%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS bunaithe ar threoir chomónta. |

| | | |
|---|---|---|
| **Tíreolaíocht** | Scrúdú scríofa: ualú 80% (2 uair go leith + 20 nóiméad d'am léitheoireachta).<br><br>Iniúchadh Tíreolaíochta: Ualú 20%. | Scrúdú scríofa: Ualú 60%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú 40%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS bunaithe ar threoir chomónta. |
| **Nascmhodúil GCAT** | Punann: Ualú 60%.<br><br>Scrúdú scríofa: Ualú 40%<br><br>Punann a chuirtear isteach leis an scrúdú scríofa i mí an Mhárta sa 6ú bliain.<br><br>Tá trí ghné sa scrúdú scríofa: Cás-staidéar, ceisteanna closamhairc agus ceisteanna freagraí fada.<br><br>Tá meascán de phríomhghnéithe agus de ghnéithe roghnacha i gceist leis an bpunann agus | Punann: Ualú 60%. Scrúdú<br><br>scríofa: Ualú 40%. |
| **Corpoideachas** | Tionscadal Gníomhaíochta Coirp: 20% (bunaithe ar threoir chomónta)<br>Measúnú feidhmíochta: 30% (bunaithe ar threoir chomónta)<br>Scrúdú scríofa: 50% (ar Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal)<br><br>PAP: ar feadh tréimhse ocht go deich seachtaine agus cuirtear isteach i bhformáid dhigiteach é. | Scrúdú scríofa: Ualú 50%.<br><br>Comhpháirt mheasúnaithe: Ualú 50%.<br><br>Leagfar amach an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal.<br><br>Bheadh an chomhpháirt mheasúnaithe bunaithe ar aighneacht amháin chuig CSS bunaithe ar threoir chomónta. |

## Tagairtí


An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, (1989) *Siollabas Béarla an Teastais Shóisearaigh*, Baile Átha Cliath, [ar líne] le fáil ar https://www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-oideachais/?referrer=https%3A%2F%2Fwww.education.ie%2Fen%2FSchools-Colleges%2FInformation%2FCurriculum-and-Syllabus%2FJunior-Cycle-%2FSyllabuses-Guidelines%2Fenglish-junior-certificate-syllabus-2006-2014.pdf [arna rochtain an 10 Eanáir 2024]

An Comhaontas Measúnachta agus Cáilíochtaí (CMC). (2021) *AS and A-Level English Language*, Manchain, CMC [ar líne] le fáil ar https://www.aqa.org.uk/subjects/english/as-and-a-level/english-language-7701-7702 [arna rochtain an 12 Eanáir 2024]

An Comhaontas Measúnachta agus Cáilíochtaí (CMC). (2021) *AS and A-Level English Literature*, Manchain CMC [ar líne] le fáil ar https://www.aqa.org.uk/subjects/english/as-and-a-level/english- literature-a-7711-7712 [arna rochtain an 12 Eanáir 2024]

Cahill, K., (2023) 'Critical Literacy: What is it? What does it mean for classroom practice in English?' in Cahill, K., agus Dennehy, N., eagarthóirí, *Perspectives on the Teaching of English in Post-Primary Education*, Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí lgh 76-90

Cahill, K., agus Dennehy, N., eagarthóirí (2023) *Perspectives on the Teaching of English in Post-Primary Education*, Éire, Corcaigh: Cló Ollscoile Chorcaí

An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe, CCSM (2016) *GCE Specification in English Literature*, Béal Feirste, CCSM [ar líne] le fáil ar https://ccea.org.uk/post-16/gce/subjects/gce- english-literature-2016 [arna rochtain an 12 Eanáir 2024]

Comhairle na hEorpa, Rannóg na mBeartas Teanga, CE, (2008). *Language Education Policy Profile – Ireland*, CE, Strasbourg [ar líne] le fáil ar https://rm.coe.int/language-education-policy-profile- ireland/16807b3c2f [arna rochtain an 11 Eanáir 2024]

An Roinn Oideachais agus Scileanna, ROS. (1999) *Leaving Certificate English Syllabus*, Baile Átha Cliath, ROS [ar líne] le fáil ar https://curriculumonline.ie/getmedia/3bb84cb3-59af-4ab3-8965-61656bddc5d7/SCSEC14_English_Syllabus.pdf [arna rochtain an 10 Eanáir 2024]

An Roinn Oideachais agus Scileanna, ROS. (2011) *Litearthacht agus Uimhearthacht don Fhoghlaim agus don Saol*,
Baile Átha Cliath, ROS [ar líne] le fáil ar 9e0e6e3887454197a1da1f9736c01557.pdf (assets.gov.ie)

An Roinn Oideachais agus Scileanna, ROS. (2015) *Creat don tSraith Shóisearach, 2015*, Baile Átha Cliath, RO [ar líne] le fáil ar https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/Framework-for- Junior-Cycle-2015.pdf [arna rochtain an 10 Eanáir 2024]

An Roinn Oideachais, RO. (2019) *Curaclam Teanga na Bunscoile*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil ar https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/primary/curriculum-

areas/primary-language/ [arna rochtain an 20 Eanáir 2024]

An Roinn Oideachais, RO. (2018) *Béarla na Sraithe Sóisearaí*, Baile Átha Cliath, RO, [ar líne] le fáil ar https://curriculumonline.ie/Junior-Cycle/Junior-Cycle-Subjects/English/[arna rochtain an 20 Eanáir 2024]

An Roinn Oideachais, RO. (2022) *Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go dtí 2027*, Baile Átha Cliath, RO [ar líne] le fáil ar https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/8668db-none/? [arna rochtain an 10 Eanáir 2024]

An Roinn Oideachais, RO. (2023) *Socruithe Measúnachta do na Scrúduithe Teastais 2024*, Baile Átha Cliath, RO [ar líne] le fáil ar https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/2b47f-socruithe-measunachta-do-na-scruduithe-teastais-2024/? [arna rochtain an 10 Feabhra 2024]

Kennedy, E., Shiel, G., French, G., Harbison, L., Leahy, M., Ó Duibhir, P., & Travers, J. (2023). *I dTreo Straitéis Nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití: Léirbhreithniú ar an Litríocht*. An Roinn Oideachais (Éire) [ar líne] le fáil ar 256086_907a34c9-f95d-4cf1-af52-35589b066d8e.pdf

Little, D., (2003) *Languages in the Post-Primary Curriculum: A Discussion Document*, Baile Átha Cliath, CNCM, le fáil ar: https://ncca.ie/media/1808/languages_in_the_post-primary_curriculum_a_discussion_paper.pdf

Marshall, B., (2023) *Comparative study of Literature in English curricula across jurisdictions*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] le fáil ar https://ncca.ie/en/resources/comparative-study-of-literature-in-english- curricula-across-jurisdictions/ [arna rochtain an 12 Eanáir 2024]

Medway, P., (1990) 'English and English Society at a Time of Change', in Goodson, I., agus Medway, P., eagarthóirí, *Bringing English to Order*, Londain, Falmer, lgh 1-46

Mullins, T. (2002) *A Historical and Comparative Study of the Development of English as a Secondary School Subject in Ireland with special reference to the Period* 1984 – 2001, tráchtas neamhfhoilsithe (Ph.D.), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (1999) *Draft Guidelines for Teachers of English: Leaving Certificate English Syllabus*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil arhttps://www.curriculumonline.ie/getmedia/75b6e39e-876e-4ea8-9d2f-8b9108853787/SCSEC14_English_guidelines.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2005*) Review of Languages in Post-Primary Education: Report of the First Phase of the Review*, Baile Átha Cliath, CNCM, [ar líne] le fáil arhttps://ncca.ie/media/1828/review_of_languages_in_post-primary_education_report_of_the_first_phase_of_the_review.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2020) *CNCM Beartas Cosanta Sonraí CNCM*, [ar líne] le fáil ar: https://ncca.ie/media/4810/ncca-data-protection-policy_ga.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2020) *Tuarascáil ar Chur i bhFeidhm Bhéarla na Sraithe Sóisearaí, 2020*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil ar https://curriculumonline.ie/getmedia/47da7de5-af3f-4ab3-a51d-58c1d4275fc0/jc-english- review-2020_en.pdf [arna rochtain an 20 Eanáir 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2021) *An Ardteistiméireacht Fheidhmeach Béarla agus Cumarsáid*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil ar https://curriculumonline.ie/getmedia/a5c09aee-6a17-4251-80e0-6c21a3ef6244/LCA-English- and-Communications.pdf [arna rochtain an 22 Eanáir 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach, Tuarascáil Chomhairleach*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil ar https://ncca.ie/media/5400/scr-advisory-report_ga.pdf [arna rochtain an 10 Eanáir 2024]

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2022) *Plean Straitéiseach 2022-2025*, [ar líne] le fáil ar https://ncca.ie/media/5517/plean-straiteiseach-2022-2025.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023) *Príomhinniúlachtaí sa tsraith shinsearach (dréacht)* Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil ar https://ncca.ie/media/6313/key_competencies_in_senior_cycle_ga_ 2023.pdf

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, CNCM. (2023). *The technical form of curriculum specifications for subjects and modules in a redeveloped Senior Cycle*, Baile Átha Cliath, CNCM [ar líne] le fáil ar https://ncca.ie/media/6540/technical_form_curriculum_specifications_for_subjects_and_modules _in_a_redeveloped_senior_cycle.pdf

Údarás um Chaighdeáin Oideachais New South Wales, NESA. (2017) *English Advanced Stage 6 Syllabus*, Sydney, NESA [ar líne] le fáil ar https://educationstandards.nsw.edu.au/wps/portal/nesa/11-12/stage-6-learning-areas/stage-6-english/english-advanced-2017

Údarás Curaclaim agus Measúnaithe Queensland, QCAA. (2024) *English General Senior Syllabus*, [ar líne] QLD, QCAA, [ar líne] le fáil ar https://www.qcaa.qld.edu.au/downloads/senior- qce/syllabuses/snr_english_25_syll.pdf [arna rochtain an 12 Eanáir 2024]

Údarás Cáilíochtaí na hAlban, SQA. (2023) *Advanced Higher English*, Glaschú, SQA [ar líne] le fáil ar https://www.sqa.org.uk/sqa/48453.html [arna rochtain an X Eanáir 2024]

Údarás Cáilíochtaí na hAlban, SQA. (2023) *Higher English*, Glaschú, SQA [ar líne] le fáil ar https://www.sqa.org.uk/sqa/47904.html [arna rochtain an X Eanáir 2024]

Coimisiún na Scrúduithe Stáit, CSS. (2013) *Scrúdú na hArdteistiméireachta 2013, Béarla, Tuarascáil an Phríomhscrúdaitheora*, Baile Átha Luain, CSS, [ar líne] le fáil ar https://www.examinations.ie/archive/examiners_reports/Chief_Examiner_Report_English_2013.p df

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment